Cód Iompair Scoil Éinne

Ráiteas Tosaigh

Rinne foireann Scoil Éinne athbhreithniú ar an gCód Iompair sa mbliain 2022.Chuaigh siad i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta agus le Coiste na dTuismitheoir agus le Coiste na nDaltaí.
Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil do gach tuismitheoir/caomhnóir.
Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go tráth rialta.

Réasúnaíocht

Is í aidhm an chóid ná cuidiú linn mar phobal scoile dea-iompar agus foghlaim éifeachtach a chothú ar scoil.

Is é polasaí na scoile ná dea-iompar a chur chun cinn i gcónaí.

Rinne Bord Bainistíochta Scoil Éinne cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Iompair chun a chinntiú go bhfuil na riachtanais dhlíthiúla agus na dea-chleachtais atá leagtha amach sa leabhar “Cód Iompair a Fhorbairt “ (Treoirlínte i gcomhair scoileanna, foilsithe ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais) á gcomhlíonadh againn. Leagann an tAcht Oideachais (Leas) 2000 amach na nithe ar leith a chaithfidh a bheith san áireamh i gCód Iompair. De réir Alt 23(2) den Acht Oideachais (Leas) 2000 sonrófar na nithe seo a leanas i gCód Iompair:

- Na caighdeáin iompair a bheidh le hurramú ag gach dalta atá ag freastal ar an scoil
- Na céimeanna a thógfar nuair a dhiúltaíonn nó nuair a theipeann ar pháiste na caighdeáin iompair a chomhlíonadh
- Na nósanna imeachta a bheidh le leanacht sular bhféadfar dalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt ón scoil
- Na forais/cuinsí ina gcuirtear deireadh le fionraí an pháiste
- Na nósanna imeachta a leanfar nuair a bheidh an páiste as láthair ón scoil

- Is bunscoil Ghaeltachta í Scoil Éinne arb í an Ghaeilge teanga teagaisc, ghnó agus chumarsáide na scoile. Is í an Ghaeilge an teanga teagaisc i ngach ábhar seachas an Béarla, an teanga chaidrimh idir na múinteoirí, gach ball foirne agus na daltaí agus an teanga chaidrimh idir na daltaí féin i gcónaí. Tá de dhualgas, dá réir, ar na daltaí an Ghaeilge a labhairt lena chéile sa scoil, sa gclós, i dtimpeallacht na scoile, agus ag imeachtaí oifigiúla scoile taobh amuigh de láthair na scoile. Tá de dhualgas ar na tuismitheoirí/caomhnóirí riail na Gaeilge seo a mhíniú dá bpáiste/í agus tacú leis.

- Chun aidhmeanna oideachasúla na scoile a bhaint amach tré thimpeallacht eagraithe, dhearfach, shábháilte le haghaidh na foghlama a chinntiú sa scoil, áit a n-éilítear caighdeáin arda iompair agus áit ina gcloítear leo.

Nuair a bhí an cód seo á leagan amach rinneadh machnamh ar:

1. Aidhmeanna ginearálta an bhunoideachais:
   a. A chur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh agus a (h)acmhainn mar dhuine faoi leith a thabhairt chun críche
   b. A chur ar chumas an pháiste forbairt mar neach sóisialta trí mhaireachtáil agus tré chomhoibriú le daoine eile agus sa mbealach sin cuidiú le tairbhe na sochaí.
   c. An páiste a ullmhú le haghaidh breis oideachais agus foghlama ar feadh a shaoil.

Tá an Cód Iompair ann leis na rudaí seo a leanas a chur chun cinn:

- Meas orm féin agus ar dhaoine eile
- Cineáltas agus toilteanas cuidiú le daoine eile
- Nósanna maithe éisteachta, foghlama agus oibre
- Féin-mheas, féin-mhuinín agus féin-smacht
- Timpeallacht dhearfach fhoghlama
- Tuiscint ar cheart agus ar mhícheart
- Atmasféar cairdiúil a threisíonn dea-iompar
- Neamhspleáchas
- Comhoibriú
- Cneastacht
- Dílseacht
- Maithiúnas

- Tá Cód Iompair ann le go mbeidh timpeallacht shona, shábháilte, dhearfach ann do dhaltaí. Tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh comhthuiscint, comhoibriú agus caidreamh maith idir ghasúir, mhúinteoirí agus thuismitheoirí/chaomhnóirí. Sé croílár an Chóid Iompair ná meas agus cineáltas, na luachanna Críostúla.
- Is polasaí dearfach é an Cód Iompair. Moltar an dea-iompar. Leagtar an bhéim ar aitheantas a thabhairt don dea-iompar.
- Ba mhaith linn go mbeadh meas againn orainn féin, ar a chéile agus ar chuile dhuine agus go mbeidh muid uilig cineálta lena chéile. Meabhraítear do na daltaí a bheith go deas lena chéile.
- Curaclam páiste-lárnach atá i bhfeidhm a aithníonn luach agus éagsúlacht gach páiste agus a chuireann ar a chumas an fhorbairt iomlán is dual dó/di a dhéanamh mar pháiste. Cuirtear san áireamh éagsúlacht agus féiniúlacht 'chuile ghasúr. Tá rialacha na scoile simplí, soiléir agus cothrom. Déanfar chuile iarracht a bheith seasamhach, réasúnta agus cothrom i gcónaí. Déanfaidh an múinteoir gach dícheall caitheamh go cneasta, cothrom, cóir leis na daltaí. Tá an scoil ag brath ar chúnamh, ar dhea-thoil agus ar thacaíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.
- Ba mhaith linn go mbeadh meas, dea-chaidreamh agus comhoibriú idir chuile dhuine i bpobal na scoile – na daltaí, na múinteoirí, na tuismitheoirí, An Bord Bainistíochta agus cuairteoirí chun na scoile.

Ráiteas Misin Scoil Éinne

Cuirfidh Scoil Éinne oideachas d'ard chaighdeán ar fáil trí mheán na Gaeilge, ag cur cultúr na hÉireann chun cinn. Is í an aidhm atá againn ná gnéithe spioradálta, morálta, intleachtúla, fisiciúla, aeisteitiúla, acadúla agus mothúchánacha gach scoláire a fhorbairt.

Is í an Ghaeilge teanga na scoile, sa seomra ranga, sa gclós agus in imeachtaí uilig na scoile. Leagtar béim láidir ar labhairt agus ar chothú na Gaeilge agus ar chothú an chultúir a bhaineann leis an gceantar. Is mian linn eolas a thabhairt don pháiste ar a (h)oidreacht agus ar a c(h)ultúr luachmhar mar shaoránach de chuid na tíre seo.

Ba mhaith linn atmasféar sona, sásta, suáilceach a bheith sa scoil i gcónaí.
Is í aidhm na scoile ná comhoibriú leis na tuismitheoirí le forbairt iomlán na ndaltaí a thabhairt chun críche.

Gaol le Spiorad Sainiúil na Scoile:

- 'Sí aidhm an oideachas bunscoile ná a chur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh agus an páiste a ullmhú d'oideachas breise agus d'fhoghlaim feadh saoil le go mbeidh sé ar chumas an pháiste teacht chun cinn mar neach sóisialta trí chónaí agus tré chomhoibriú le daoine eile agus sa mbealach sin a c(h)ion a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí. Tá muid ag iarraidh timpeallacht shábháilte foghlama a chothú do ghasúir na scoile ionas go mbeidh siad in ann a gcumas iomlán féin a bhaint amach.
- Tá Cód Iompair ann le go mbeadh timpeallacht shona, shábháilte ann don ghasúr. Cuirtear béim ar fhorbairt iomlán an pháiste. Cuirtear béim ar luachanna Críostúla. Cothaítear atmaisféar sona le go mbeidh seans á thabhairt do chuile pháiste go dtiocfaidh forbairt ar a c(h)umas nadúrtha de réir a ráta luais féin.
- Cuirtear san áireamh éagsúlacht agus féiniúlacht 'chuile ghasúr.

- Tá rialacha na scoile simplí, soiléir agus cothrom. Déanfar ‘chuile iarracht a bheith seasamhach, réasúnta agus cothrom i gcónaí. Tá an scoil ag braith ar chúnamh, ar dhea-thoil agus ar thacaíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.
- Tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh comhoibriú, comhthuiscint, agus caidreamh maith ann idir phobal iomlán na scoile.Dea-iompar a chothú agus a fhorbairt tré aitheantas a thabhairt do dhaltaí maidir le hiompar, dul chun cinn, agus iarracht go ginearálta.
- Go rachadh na daltaí amach sa saol le dearcadh dearfach, freagrach i leith na timpeallachta, agus an phobail.
- Is scoil Ghaeltachta muid. Tá muid ag iarraidh ard-chaighdeán líofachta agus litearachta a bhaint amach sa nGaeilge.
- Is cuid den chód iompair polasaí na Gaeilge.

Aidhmeanna:

- Cinntiú go gcuirtear timpeallacht oideachasúil ar fáil atá á threorú ag an ráiteas físe atá againn.
- Timpeallacht atá feiliúnach don fhoghlaim agus don teanga a chothú.
- Cur ar chumas na scoile feidhmiú ar bhealach eagraithe ionas gur féidir le gasúir dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá gcuid forbartha.
- Dea-iompar a chothú ionas go mbeidh an scoil ag feidhmiú go héifeachtach agus go córasach.
- Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint ar a chéile agus ina nglactar le daoine.
- Chuile ghasúr a mheas as a luach féin sa gcaoi go mbeidh gach páiste in ann dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbairt agus de réir a ráta luais féin.
- Cothrom na féinne a thabhairt do gach duine.
- Iompar dearfach a chothú le féinsmacht a fhorbairt.
- Go mbeidh cultúr sa scoil a chothóidh dea-thoil, ómós, meas, comhoibriú, comhthuiscint agus cineáltas.
- Iompar dearfach agus féinsmacht a chothú, ag tabhairt aitheantas d’fhéiniúlacht an pháiste.
- Sláinte agus sábháiteacht gach ball den phobal scoile a chinntiú.
- Cearta a chosaint.
- Bulaíocht a sheachaint.
- Cabhrú le tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí tuiscint a fháil ar na córais agus ar na nósanna imeachta atá mar chuid den Chód Iompair agus a gcomhoibriú a lorg agus na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm go héifeachtach
- Go n-aireoidh na tuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuil fáilte rompu bualadh leis na múinteoirí ach coinne a dhéanamh i gcónaí.
- Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach ar fud na scoile.
- Go gcuirfí na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go rialta faoi aidhmeanna, polasaithe, rialacha, imeachtaí agus nuacht scoile trí nuachtlitireacha, teachtaireachtaí ríomhphoist agus trí shuíomh idirlín na scoile.

Prionsabail an Chóid:

Aithníonn muid bunphrionsabail atá mar bhonn agus mar thaca leis an gCód Iompair seo agus a chabhróidh linn na spriocanna thuas a bhaint amach:

- Bheith soiléir.
- A dhearbhú go bhfuil iompar gach duine tábhachtach.
- Dea-iompar a chur chun cinn.
- Riachtanais a chothromú.
- Tuiscint go mbíonn caidrimh ríthábhachtach.
- Fócas ar an bhfreagracht phearsanta.
- Cothroime agus comhionannas a chinntiú.
- Soghontacht oideachais a aithint.
- Freastal ar leas na bpáistí.
- Freastal ar leas na foirne.
- Sábháilteacht agus saoirse ó bhagairtí a chinntiú.

Déanfaidh baill uile na foirne gach iarracht cur chuige dearfach a chur i bhfeidhm ar chúrsaí iompair sa scoil. Bainfidh múinteoirí úsáid as cur chuige agus straitéisí dearfacha, oiread agus is féidir, chun daltaí a spreagadh agus a mhealladh, lena n-áirítear:

- Spreagadh a thabhairt
- Ard-mholadh a thabhairt
- Dualgais a bhronnadh
- Duaiseanna a bhronnadh
- Cairt dea-iompair a choinneáil
- Tuairisc a thabhairt do thuismitheoir/chaomhnóir
- Pribhléidí a thabhairt mar thoradh ar dhea-iompar

Ábhar an Pholasaí:

Tá an polasaí eagraithe faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. **Treoirlínte faoi iompar i Scoil Éinne**
2. **Cur chuige na scoile uile maidir le hiompar dearfach a chur chun cinn.**
   - An Fhoireann
   - An Bord Bainistíochta
   - Tuismitheoirí
   - Daltaí
3. **Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú.**
   - An Seomra Ranga
   - An Clós Súgartha
   - Limistéir eile sa Scoil
   - Gníomhaíochtaí atá bainteach leis an scoil.
4. **Duaiseanna agus smachtbhannaí.**
   - Duaiseanna agus aitheantas tugtha do dhea-iompar.
   - Straitéisí chun freagairt d'iompar mí-chuí
   - Tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith rannpháirteach i mbainistiú an drochiompair.
   - Iompar ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú.
5. **Nós imeachta chun fógra a thabhairt go mbeidh dalta as láthair ón scoil:**
6. **Cuntas a choinneáil:**
   - Rang
   - An Clós Spraoi
   - Taifid Scoile
7. **Fionraí/Díbirt:**
   - Fionraí
   - Díbirt
   - Achomhairc
8. **Tagairt do Pholasaithe eile.**

- **Treoirlínte faoi Iompar sa Scoil:**

Luann an tAcht Oideachais (Leas), Alt 23 go sonróidh an Cód Iompair
"Na caighdeáin iompair a bheidh le hurramú ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil."
Is iad seo na caighdeáin iompair lena bhfuiltear ag súil leo i Scoil Éinne, chomh maith le cur síos ar rialacha na scoile.

Rialacha Ginearálta Scoile:

- Labhraíonn muid Gaeilge le bród.
- Tá labhairt na Gaeilge mar riail bhunúsach de chuid na scoile, idir chlós agus seomra ranga, ar thurais agus ar imeachtaí seachtracha scoile.
- Is cuid den Chód Iompair é Polasaí na Gaeilge. Táthar ag súil le tacaíocht ó thuismitheorií/caomhnóirí i gcónaí ina leith seo.
- Léiríonn muid meas ar phobal iomlán na scoile. Ba cheart dom meas a thaispeáint ar ghasúir eile, ar thuismitheoirí/chaomhnóirí, ar mhúinteoirí, ar fhoireann chúnta na scoile agus ar chuairteoirí chun na scoile.
- Ba cheart dom a bheith dea-bhéasach, macánta agus cineálta i gcónaí le pobal na scoile.
- Ba cheart dom an fhírinne a inseacht i gcónaí.
- Ba cheart go mbeadh meas agam ar an scoil, ar mhaoin na scoile, ar thimpeallacht na scoile agus ar mhaoin daoine eile.
- Ba cheart dom meas a thaispeáint ar an scoil agus a bheith mórálach as éide na scoile a chaitheamh.
- Ba cheart dom freastal ar scoil go rialta agus a bheith ann in am agus réidh chun oibre.
- Ba cheart dom mo dhícheall a dhéanamh ar scoil agus leis an obair bhaile.
- Ba cheart dom glacadh le húdarás chuile mhúinteoir rialacha na scoile a chur i bhfeidhm.
- Ba cheart dom siúl i gcónaí taobh istigh den scoil.
- Ba cheart dom a bheith béasach, múinte agus ciúin sa líne.
- Níor cheart dom bruscar a chaitheamh uaim i dtimpeallacht na scoile.
- Níor cheart dom a bheith ag eascaine ná ag úsáid droch-chainte.
- Níor cheart dom freagairt ar ais go borb, mí-mhúinte.
- Níor cheart dom maoin nach liom a thógáil gan chead, a mhilleadh, scríobh air ná a chur i bhfolach.
- Níor cheart dom rith ná spraoi sa bpasáiste ná sna seomraí ranga.
- Níor cheart dom clós na scoile a fhágáil gan cead an mhúinteora.
- Ní cheadaítear spraoi garbh ná cluichí contúirteacha.
- Ní cheadaítear luascadh ar na cathaoireacha.
- I rith imeachtaí iar-scoile ba cheart dom glacadh le húdarás múinteoirí/tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Ní bheidh fón póca in úsáid i dtimpeallacht na scoile ná ag imeachtaí scoile m.sh turas scoile, cluichí & rl.
- Má bhíonn dalta as láthair, deireanach, nó ag dul abhaile go luath, iarrtar ar thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas i scríbhinn, nó glaoch ar oifig na scoile nó ar an Aip *Aladdin.*

Féach ar Aguisín 1 i gcóir samplaí de mhion mhí-iompar, de mhí-iompar tromchúiseach agus de mhí-iompar tútach, uafásach.

Meas agus Cuirtéis

- Is í an Ghaeilge teanga na scoile seo.
- Labhróidh mé Gaeilge i gcónaí sa seomra ranga, sa gclós, le mo chairde, sa mbaile agus le haon duine atá sásta í a labhairt liom.
- Ba cheart dom meas a thaispeáint ar ghasúir eile, ar thuismitheoirí/chaomhnóirí, ar mhúinteoirí, ar fhoireann chúnta na scoile agus ar chuairteoirí chun na scoile.
- Ba cheart dom a bheith múinte.
- Ba cheart dom a bheith lách agus cineálta.
- Ba cheart dom an fhírinne a inseacht.
- Ba cheart dom meas a bheith agam ar an scoil, ar mhaoin na scoile agus ar thimpeallacht na scoile.

- Ba cheart dom comhoibriú le treoracha na múinteoirí.
- Ba cheart dom siúl taobh istigh den scoil.
- Glacfaidh mé páirt in ócáidí agus imeachtaí na scoile.
- Beidh mé brodúil agus mórtasach as mo scoil.
- Caithfear éide na scoile a chaitheamh.
- Ní cheadaítear drochchaint ná eascaine.
- Beidh meas agam ar nósanna agus ar chultúir eile.
- Mé féin, m 'áit, mo mhála, mo rang, mo scoil a choinneáil glan.
- Níl cead an scoil a fhágáil i rith am scoile.
- Beidh lón folláin agam.
- Ba cheart dom a bheith in am ar scoil.
- Poncúlacht: Caithfear neamhláithreachtaí a thaifead agus a thuairisciú de réir threoirlínte TUSLA: Féach an polasaí scoile ar phoncúlacht chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis seo.

Iompar sa Rang

Tá rialacha ar leith i bhfeidhm sna seomraí ranga. Aontaítear agus scríobhtar na rialacha i gcomhpháirt leis na daltaí. Seo samplaí de rialacha ranga.

- Tá ceart ag 'chuile ghasúr a bheith ag foghlaim.
- Níor cheart dom cur isteach ar obair an ranga.
- Ba cheart dom a bheith in am ar scoil, obair go dian dícheallach agus éisteacht go cúramach.
- Ba cheart dom aire mhaith a thabhairt do mo mhála scoile, mo chuid cóipleabhar, leabhra &rl.
- Ba cheart dom an obair bhaile, na leabhra agus na cóipleabhra cearta & rl. a bheith ar scoil agam.
- Is féidir liom leabhair nó cóipleabhair nach dteastaíonn don obair bhaile a fhágáil go néata i mo chiseán sa seomra ranga ach amháin le linn laethanta saoire.
- Obair bhaile a bheith déanta go slachtmhar, críochnúil. Déanfaidh mé mo dhícheall le mo chuid obair scoile agus obair bhaile(obair scríofa nó obair atá le foghlaim).
- Obair bhaile a bheith tógtha síos go cúramach, seiceáilte agus sínithe gach oíche ag tuismitheoir/caomhnóir. Má tá fadhb ar bith is féidir nóta a sheoladh isteach sa Dialann Scoile ag míniú an scéil.
- Ba cheart dom comhoibriú le rialacha & treoracha an ranga.
- Ba cheart dom an seomra ranga a choinneáil néata.
- Ba cheart dom an pasáiste a choinneáil slachtmhar néata i gcónaí.
- Ba cheart dom cúram a thabhairt do bhallaí péinteáilte, doirse agus troscán uile na scoile – gan marcanna a fhágáil trí mhí-chúram.
- Cuirfidh mé suas mo lámh nuair atá rud le rá agam leis an rang nó leis an múinteoir.
- Beidh mé múinte, dea-bhéasach i gcónaí, suífidh mé síos, déarfaidh mé "gabh mo leithscéal" agus "go raibh maith agat".
- Beidh meas agam ar thuairimí daoine eile.
- Léireoidh mé cineáltas.
- Roinnfidh mé le daoine, tabharfaidh mé cúnamh agus tógfaidh mé mo sheal.
- Coinneoidh mé m'áit glan.
- Beidh meas agam ar mhaoin agus ar thimpeallacht na scoile.
- Beidh mé sábháilte, siúlfaidh mé taobh istigh den scoil i gcónaí.
- Níor cheart dom a bheith istigh sa rang ag am sosa gan mhaoirseacht.
- Fágfaidh mé bréagáin, bailiúcháin cártaí spraoi (*Pokemon, Match Attax* agus rl) nó aon ábhar eile a d'fhéadadh cur isteach ar obair ranga sa mbaile.

Iompar i gclós agus i dtimpeallacht na scoile

- Tá sé de cheart ag ‘chuile ghasúr a bheith ag spraoi gan bagairt orthu.
- Níor cheart dom cur isteach ar ghasúir eile sa gclós.
- Ba cheart do na gasúir is sine faire amach do na gasúir óga.
- Ba cheart dom ‘chuile chluiche a imirt go macánta, cóir agus cothrom.
- Ní cheadaítear spraoi garbh ná cluichí contúirteacha.
- Níl cead bulaíocht a dhéanamh ar aon duine.
- Níl aon chead agam clós na scoile a fhágáil.
- Níl cead agam dul isteach sa scoil gan cead múinteora.
- Ba cheart dom inseacht do mhúinteoir an chlóis faoi aon eachtra.
- Nuair a bhuaileann an clog ba cheart dom dul sa líne.
- Ba cheart dom siúl go ciúin, dea-mhúinte sa líne.
- Níor cheart dom bruscar a chaitheamh uaim in aon áit sa scoil ná i dtimpeallacht na scoile. .
- Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí an méid Gaeilge atá acu a labhairt i dtimpeallacht na scoile agus ag imeachtaí iar-scoile a bhaineann leis an scoil.

Sláinte agus Sábháilteacht

- Ba cheart dom lón folláin a bheith agam.
- Níor cheart criospaí, guma coganta, buidéil ghloine, *tippex* ná fón póca a thabhairt liom ar scoil.
- Níor cheart dom an scoil a fhágáil ag aon am gan chead.
- Níor cheart dom a bheith sa scoil ná i gclós na scoile gan mhaoirseacht tar éis am scoile.
- Ba cheart aire a thabhairt do ghruaig na ndaltaí agus a bheith san airdeall i leith míolta gruaige.
- Má thagann gasúr i dteagmháil le galar tógálach ba cheart inseacht don scoil láithreach.
- Mura bhfuil tuismitheoir/caomhnóir sa mbaile i rith an lae ba cheart socrú eicínt a bheith ann sa gcás go gcaithfí an gasúr a chur abhaile gan choinne mar gheall ar thinneas nó ar thimpiste.
- Ba cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí an t-eolas seo a chlárú leis an scoil, (ainmneacha, uimhreacha teileafóin agus rl).
- Ba cheart an scoil a choinneáil ar an eolas má tá aon athrú ar shonraí (seoladh, uimhir theileafóin &rl).
- Ba cheart Naíonáin a bhailiú ag a 1:40 i.n.
- Ba cheart gasúir eile a bhailiú ag 2:40 i.n.
- Níor cheart go mbeidís i dtimpeallacht na scoile ina dhiaidh sin. Ní ghlacfaidh an scoil freagracht astu taobh amuigh d’uaireanta scoile.
- Má tá ar ghasúr an scoil a fhágáil go luath ar aon chúis, caithfear an scoil a chur ar an eolas roimh ré.

Tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí an scoil a chur ar an eolas má tá cúinsí áirithe sa mbaile a d’fhéadfadh cur isteach ar iompar an pháiste ar scoil chun eachtraí droch-iompair a sheachaint.

Is daoine gairmiúla iad na múinteoirí agus bíonn orthu cinntí a dhéanamh go laethúil maidir le hiompar agus le smachtbhannaí. Bíonn discréid ag teastáil go minic chun an toradh is fearr a fháil don pháiste agus don rang. Fágfar é sin faoin múinteoir, i gcomhair lena chomhghleacaithe nó leis an bPríomhoide, más gá.

- **Cur chuige na scoile uile maidir le hiompar dearfach a chur chun cinn:**

Tabharfaidh an Cód Iompair seo treoir mhaith do chur chuige scoile uile maidir le hiompar dearfach a chur chun cinn agus maidir le bainistiú a dhéanamh ar iompar diúltach. Tabharfaidh sé tuiscint ar iompar pháistí agus ar stráitéisí dearfacha chun dea-iompar a chur chun cinn. Cuireann atmaisféar na scoile, sainmheoin na scoile, luachanna, polasaithe, agus nósmhaireachtaí leis an gCód Iompair seo.

Aithnítear, dá réir, go bhfuil cur chuige scoile iomlán i gceist maidir le cur chun cinn dea-iompair.
Is Cód Iompair dearfach é seo. Leagtar béim níos mó ar luachanna saothair ná ar phionóis.
"**Mol an Óige agus tiocfaidh sí**."

D'fhéadfaí moladh a thabhairt ar na bealaí seo a leanas:

An Fhoireann:

- Cuirtear béim faoi leith ar atmaisféar/timpeallacht dearfach a chruthú sa rang agus sa scoil a thacóidh agus a chothóidh le dea-iompar m.sh dea-iompar a mholadh agus a chur chun cinn le go mbeadh gach páiste sásta agus sábháilte ina dtimpeallacht scoile.
- Déanfar cinnte de go bhfuil rialacha na scoile ar eolas ag gach páiste agus go dtéitear siar orthu go minic.
- Déanann an fhoireann cinnte de go dtugann siad dea-shampla i gcónaí.
- Tugtar moladh do dhea-iompar trí mheascán de na straitéisí thíos a úsáid:
    - Focal nó comhartha moltach
    - Nóta i gcóipleabhar
    - Cuairt ar mhúinteoir eile nó ar an bPríomhoide mar shampla le hobair mhaith i gcóipleabhar a thaispeáint
    - Moladh os comhair an ranga
    - Córas marcála do dhea-iompar
    - Pribhléid nó freagracht ar leith- m.sh Am Órga
    - Labhairt le tuismitheoir/caomhnóir nó nóta moltach a chur abhaile
    - Nuair atá gasúr á mholadh beifear cúramach nach náireofar aon ghasúr eile
    - Aitheantas difriúil a fháil m.sh suaitheantas, teastas, cárta glas (Labhairt na Gaeilge)
    - Ainm an pháiste a chur sa mbosca dearfach agus ainmneacha a tharraingt amach ag an Tionól.

- Bíonn deiseanna ag an bhfoireann comhaontú ar pholasaithe agus ar chleachtais na scoile agus tacú le cuspóirí an Chóid Iompair.
- Déanfar athbhreithniú ar na stráitéisí don mholadh go bliantúil ag cruinniú foirne, áit a bpléifear agus a ndéanfar tobsmaointeoireacht ar na láidreachtaí nó laigeachtaí a bhaineann leo. Beidh deis ag gach múinteoir smaointe a roinnt.
- Glacann an PríomhoideTánaisteach ról comhairliúcháin le múinteoirí nua agus mínítear an Cód Iompair dóibh.Bíonn an teagasc éifeachtach, an curaclam cuimsitheach spreagúil, an clár foghlama curtha in oiriúint do na páistí, na páistí rannpháirteach agus spreagtha chun foghlama.
- Cothaítear scileanna agus nósanna imeachta maidir le bainistiú ranga, modhanna teagaisc éifeachtacha a chruthaíonn teorainneacha comhréireacha.
- Freastalaíonn an Cód Iompair ar ghasúir le deacrachtaí iompair mar thoradh ar riachtanais speisialta oideachais trí Chomhad Tacíochta an Pháiste, grúpaí sóisialta, straitéisí soiléire leagtha amach i gcomhairle leis an bhfoireann tacaíochta foghlama, tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí ranga & cúntóir riachtanais speisialta.
- Úsáidtear curaclam OSPS na scoile chun tacaíocht a thabhairt don Chód Iompair m.sh úsáidtear am ciorcail sa rang. An aidhm atá aige ná cabhrú lenár gcuid páistí scileanna cumarsáide, bealaí cuí idirghníomhaíochta agus iompair agus scileanna um réiteach coinbhleachtaí a fhorbairt. Déanann sé

iarracht freisin féinmheas a chothú agus cabhrú le gasúir glacadh le difríochtaí agus saoránacht a fhorbairt.

An Bord Bainistíochta:

- Is é ról foriomlán an Bhoird Bainistíochta a chinntiú go bhforbraítear Cód Iompair sa scoil agus go bhfuil an pobal scoile ar fad páirteach ina fhorbairt, ina cur i bhfeidhm agus ina athbhreithniú.
- Scoil agus timpeallacht scoile shábháilte agus chompordach a chur ar fáil.
- Tá freagracht ar leith ar an mBord as éiteas na scoile, ar a n-áiritear éiteas Gaeilge na scoile, a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn chomh maith le freagracht fhoriomlán as polasaithe scoile.
- Déanann an Bord Bainistíochta taifead foirmiúil ar ghlacadh agus ar dhaingniú an Chód Iompair, chomh maith le dáta tosaithe agus cinntí athbhreithnithe maidir le cén uair a dhéanfar athbhreithniú ar an gCód.
- Tugann an Bord Bainistíochta tacaíocht don fhoireann agus an Cód Iompair á chur i bhfeidhm trí dheiseanna ar fhorbairt foirne a chur ar fáil, leabhra/acmhainní chun dea-iompair a chothú a chur ar fáil. Tugann an Bord Bainistíochta tacaíocht don fhoireann agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí i gcur i bhfeidhm an Chóid trí dheiseanna atá in easnamh a chur ar fáil dóibh.

Tuismitheoirí/Caomhnóirí:

Le go gcuirfear an Cód i bhfeidhm go héifeachtach agus go tuisceanach tá géarghá le comhoibriú iomlán ó na tuismitheoirí/caomhnóirí. Beidh dea-thoradh an Chóid bunaithe ar dhea-chumarsáid, dhea-thoil agus dhílseacht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí don scoil.

- Tá caidrimh an-oscailte idir an fhoireann agus tuismitheoirí/caomhnóirí ó thaobh gach gné de shaol na scoile. Spreagtar a gcomhoibriú le réimsí éagsúla imeachtaí agus tugtar an deis dóibh bheith rannpháirteach in obair na scoile an oiread agus is féidir é.
- Nuair a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar an gCód cuireadh coiste oibre le chéile ina raibh baill de Choiste na dTuismitheoirí, an Bord Bainistíochta agus an fhoireann teagaisc. Rinne siad scrúdú ar dhréachtaí agus tugadh deis don choiste cur leis an gCód ar bhealaí cuiditheacha agus smaointe a roinnt.
- Oibríonn muid go comhoibritheach le Coiste na dTuismitheoirí agus éisteann muid lena gcuid smaointe.
- Eagraítear oícheanta eolais maidir le gnéithe ar leith den Chód Iompair chun cúnamh a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí ó thaobh smachta de m.sh. Cibear-bhulaíocht, sábhailteacht idirlín, bí sábháilte, réiteach coinbhleachtaí.
- Tuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta - Bíonn ionchur acu i ngach gné de pholasaithe na scoile.
- De réir Alt 23 (4) den Acht, cuirfidh an Príomhoide cóip den Chód Iompair ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí gasúr atá á gclárú sa scoil agus féadfaidh an Príomhoide (mar choinníoll a ghabhann leis an ngasúr sin a chlárú), a cheangal ar a thuismitheoirí a dhaingniú i scríbhinn go bhfuil an Cód Iompair a chuirtear ar fáil inghlactha acu agus go ndéanfaidh siad gach iarracht réasúnach a chinntiú go gcomhlíonfaidh an páiste an Cód sin.
- Sula dtosaíonn páistí ar an scoil bíonn cruinniú eolais do na tuismitheoirí/caomhnóirí sa scoil, áit a mínítear rialacha na scoile dóibh.
- I mí Mheán Fómhair/Deireadh Fómhair bíonn oíche eolais ag múinteoirí gach rang le tuismitheoirí an ranga, le chéile, ina dtéann siad trí obair na bliana agus ina ndéantar rialacha an tseomra ranga a phlé leo.
- Tá tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi rialacha, faoi chóras duaiseanna agus píonóis smachtbhannaí na scoile agus comhoibríonn siad leo.
- Freastalaíonn siad ar chruinnithe sa scoil má éilítear orthu.

Iarrtar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí

- Páistí a spreagadh le meas a bheith acu orthu féin, ar dhaoine eile agus ar mhaoin.
- Cinntiú go mbíonn páistí ag freastal ar scoil go rialta agus go mbíonn siad in am.
- Go mbeadh suim acu in obair scoile a gcuid páistí agus go dtabharfadh siad gach tacaíocht agus spreagadh dóibh, go spreagadh siad na gasúir a ndícheall a dhéanamh agus a bheith freagrach as a gcuid oibre.
- Go mbeadh siad eolach ar Chód Iompair na scoile agus tacúil leis.

- Go dtabharfadh siad comhoibriú do mhúinteoirí áit a mbíonn iompar a gcuid paistí ag cothú fadhbanna do dhaoine eile.
- Go gcuirfeadh siad in iúl don scoil aon fhadhbanna a d'fhéadadh tionchar a bheith aige ar dhul chun cinn agus iompar a bpáiste.
- Go leanfadh siad na céimeanna cuí má bhíonn imní orthu faoi aon ghné de scolaíocht an pháiste m.sh smacht, bulaíocht, cúrsaí foghlama & rl.
- Moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil má tá imní orthu faoi aon ghné d'iompar a gcuid páistí.
- Cuirtear na nósanna imeachta maidir le teagmháil a dhéanamh leis an scoil in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí ag cruinnithe eolais gach bliain & i nuachtlitreacha ag tús na bliana. Moltar dóibh teacht & labhairt leis na daoine cuí nuair a bhíonn aon amhras orthu.
- Déanamh cinnte de go bhfuil éide scoile Scoil Éinne ina iomláine á chaitheamh ag a gcuid páistí ar scoil gach lá.
- Áit chinnte a chur ar fáil don pháiste chun an obair bhaile a dhéanamh.
- Moltar léamh a dhéanamh leis na páistí.
- Lón sláintiúil agus deoch a chur ar fáil dá gcuid páistí ar scoil gach lá.
- Go ndéanfadh siad cinnte go mbíonn na leabhra agus na hábhair riachtanacha don scoil ag na gasúir.
- Go dtabharfadh siad gach tacaíocht do pholasaí Gaeilge na scoile.
- Go labhróidís Gaeilge sa scoil, i dtimpeallacht na scoile agus ag imeachtaí scoile.
- Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnoirí a bheith freagrach as gach a bhaineann le húsáid fón póca a p(h)áiste(í).

Nótaí: Beifear ag súil le nóta ó thuismitheoirí/chaomhnóirí roimh ré sna cásanna seo a leanas:

- Má bhíonn ar ghasúr dul abhaile ag am lóin.
- Má bhíonn ar ghasúr dul abhaile go luath.
- Nuair a bhíonn páiste deireanach ag teacht ar scoil nó as láthair ón scoil.
- Nuair nach mbíonn obair bhaile déanta ag an bpáiste.
- Má bhíonn gasúr ag dul ar laethanta saoire.
- Moltar go láidir gan dul ar laethanta saoire i rith na scoilbhliana.
- Má bhíonn ar ghasúr fanacht istigh ag am sosa.
- Murar féidir le gasúr páirt a ghlacadh i rang corpoideachais nó i rang eicínt eile. (Caithfear an chúis a inseacht agus cén t-achar a leanfaidh an fhadhb).
- Má thagann gasúr ar scoil deireanach gan tionlacan tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Má bhíonn gasúr as láthair ar feadh lá amháin nó níos faide ná sin.

Obair Bhaile

'Sé polasaí na scoile obair bhaile a thabhairt go rialta.
Moltar am ar leith agus áit ar leith a leagan amach don obair bhaile.
Moltar go láidir do thuismitheoirí/chaomhnóirí suim ghníomhach a thaispeáint agus an leabhar nótaí a shíniú 'chuile oíche.
Ní iondúil go dtugtar obair bhaile ar an Aoine.

Páistí:

- Rialacha/cód iompair ranga a dhréachtú leis na páistí.
- Príomhsmaointí ón gCód Iompair a phlé leis na páistí agus deis a thabhairt dóibh a gcuid tuairimí féin a thabhairt go rialta m.sh ag an Tionól.
- Príomhsmaointí ón gCód Iompair a phlé le Coiste na nDaltaí.
- Deis a thabhairt do Choiste na nDaltaí ionchur a bheith acu i gcur i bhfeidhm an Chód Iompair nuair is féidir.
- A bheith eolach ar rialacha ginearálta na scoile, an chlóis agus an ranga.
- Na rialacha a phlé sa mbaile le tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Córas Cairde.
- Seachtain an Chairdis a cheiliúradh sa Scoil.

3. Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú:

Baintear úsáid as straitéisí dearfacha ar fud na scoile chun dea-iompar a chur chun cinn agus chun cosc a chur ar dhroch-iompar.

An Seomra Ranga:

Stráiteisí Praicticiúla do Mhúinteoirí chun dea-iompar a spreagadh agus a chur chun cinn sa seomra ranga.

- Cothaíonn muid atmaisféar ranga atá fáilteach agus sábháilte, áit a dtuigeann na gasúir go dtugtar aire dóibh agus go dtugann siadsan aire do ghasúir eile.
- Chun a chinntiú go laghdófar ar líon na gcásanna d'iompar míshásúil an oiread agus is féidir é, déanfaidh múinteoirí gach iarracht a gcuid teagaisc a eagrú sa gcaoi go ndéanfar freastal cuí ar chumas agus ar riachtanais gach dalta aonair an oiread agus is féidir é. Dá réir sin beidh an fhoghlaim chomh spéisiúil, spreagúil agus éagsúil agus is féidir.
- Bí airdeallach/aireach ar chéard atá ar siúl sa rang an t-am ar fad.
- Moladh ó bhéal ón múinteoir ranga agus ó phobal uile na scoile. Mol agus daingnigh dea-iompar m.sh trí a rá le páistí '*Is maith liom an chaoi a ndearna tú é, a dúirt tú, a thaispeáin tú* & rl.
- A bheith feasach faoin bhfoclóir a úsáidtear agus an múinteoir ag ceartú páistí.
- A bheith ar an eolas faoi bhunrialacha/iompar a mbeifear ag súil leis i ngach rang a thagann leis an éiteas scoile agus a chruthaíonn timpeallacht dhearfach don fhoghlaim.
- Na gasúir a bheith rannpháirteach leis an múinteoir ranga i ndearadh na rialacha ranga ag tús na scoilbhliana.
- Na rialacha seo bheith crochta sa seomra ranga.
- Rialacha ranga a chur i bhfeidhm ar an toirt, go leanúnach agus go cothrom.
- Leagfar béim ar chosaint cearta gach aon dalta mar aon le cearta an mhúinteora mar dhuine daonna sa seomra ranga.
- A chinntiú go dtuigeann daltaí an t-iompar a éilítear orthu agus go meabhraítear é sin dóibh go minic.
- Leag amach agus cur in iúl do pháistí go soiléir an caighdeán a bhfuil tú ag súil leis ó thaobh iompair, gnáth chúrsaí agus teorainneacha de.
- Mínigh an ceangal atá idir iompar páiste agus an toradh a bheas air m.sh píonós/smachtbhanna, scoite amach ón ngrúpa.
- Go dtuigfeadh na páistí na himpleachtaí má thárlaíonn droch-iompar agus go bhfuil eolas acu ar phíonóis/smachtbhannaí atá ag dul le droch-iompar.
- Pléann an múinteor oideachas speisialta chomh maith leis an múinteoir ranga na rialacha le páistí le riachtanais speisialta.
- Stráiteisí a úsáid chun cuidiú leis na páistí na gnáthchúrsaí agus teorainneacha seo a choinneáil. m.sh úsáid a bhaint as cártaí meabhrúcháin le páistí a choinneáil ar tasc, clár ama súile a úsáid.
- Córas soiléir a úsáid chun aitheantas a thabhairt don dea-iompar agus duais/príbhléid a thabhairt mar thoradh air, b'fhéidir.
- Duaiseanna feiliúnacha a úsáid (cairteacha iompair/réalta, am órga breise, teastas seachtainiúl do dhea-iompar. am ciorclach sna hardranganna, agus rl.).
- Smachtbhannaí a chur í bhfeidhm mar fhreagra ar dhroch-iompar.
- Clár Ama Structúrtha a úsáid: Rannpháirtíocht ghníomhach na bpáistí ina gcuid foghlama, meascán de mhodhanna múinte éagsúla a úsáid m.sh meascáin den mhodh ranga, obair ghrúpa, obair bheirte agus obair aonair.
- Leas a bhaint as teicnící bainistíochta seomra ranga a chinntíonn go mbaintear úsáid as gníomhaíochtaí agus modheolaíochtaí éagsúla chun suim agus spreagadh na ndaltaí a chothú.
- Athrú a dhéanamh ar shuíocháin/áit suite sa rang. Moltar é seo a dhéanamh uair sa gcoicís ach uair sa mí ar a laghad. (Is féidir é a dhéanamh uair sa tseachtain más mian).
- Coinneoidh gach muinteoir cuntas scríofa ar iompar gach dalta faoina c(h)úram, (dáta, saghas iompair, céard a rinneadh leis an scéal a chur ina cheart, cén sórt toradh a bhí air 'srl.)
- Chuile iarracht a dhéanamh tuismitheoirí/caomhnóirí a choinneáil ar an eolas faoi iompar a gcuid páistí, trí Dhialann Obair Bhaile, cruinnithe tuismitheoirí/caomhnóirí, glaoch gutháin nó focal ag an doras. Ní bheidh sé feiliúnach ná praicticiúil chuile mhion-rud a lua le tuismitheoirí/caomhnóirí ach má cheapann

an múinteoir go bhfuil an t-iompar ag dul in olcas, cuirfidh sé/sí an tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas d'fhonn tacaíocht an tuismitheora/chaomhnóra a fháil leis an iompar a fheabhsú arís.

- An Clár Misneach
- Bí Sábháilte
- Turais
- An Bosca Dearfach- pasanna obair bhaile mar dhuaiseanna
- Dojo (aonar, grúpa nó ranga)
- Tá dea-iompar mar chroílár na ranganna Teagasc Críostaí, agus OSPS.
- Tá cead ag chuile thuismitheoir/chaomhnóir cruinnithe a eagrú leis an múinteoir i rith na scoilbhliana chun iompar a gcuid páistí a phlé. Is féidir coinne a dheánamh trí oifig na scoile.
- Is iondúil go dtiocfaidh an múinteoir aonair ar réiteach ar a c(h)uid fadhbanna iompair léi/leis féin ach anois is arís is féidir leis/léi tacaíocht agus comhairle a lorg ó mhúinteoir eile nó ón bPríomhoide /Leas-Phríomhoide i gcásanna áirithe.
- Tá dea-cháil ar pháistí Scoil Éinne ó thaobh iompair de agus tugtar aiseolas dóibh go minic tar éis turais scoile nó cluichí, mar shamplaí.

Athraíonn na stráitéisí seo ó am go ham le spéis na bpáistí a choinneáil beo agus le tionchar níos mó a bheith leo. Tá suim ag roinnt baill den fhoireann teagaisc an cúrsa *Incredible Years* /*Friends For Life* a dhéanamh.

Tá sé mar aidhm againn go mbeidh an dea-iompar ag teacht ó na páistí gan treoir ón múinteoir de réir mar a theánn siad tríd an scoil, iad ag dul i dtreo an chineál féinsmachta a bheidh uathu mar dhaoine fásta.

Clós:

- Leagtar síos rialacha soiléire don chlós spraoi a leagann béim ar an dea-iompar agus a léiríonn go soiléir cé na gníomhaíochtaí a cheadaítear.
- Déantar plé ar na rialacha seo ag cruinniú foirne ag tús na bliana agus ag amanta eile i rith na bliana más gá.
- Cuirtear in iúl do pháistí iad trí phlé sa rang agus ag an Tionól agus trí mheabhrúcháin rialta.
- Tá Rialacha an Chlóis crochta ar chlár fógraí ar an mbealach chuig clós na scoile.
- Cothóidh agus coinneoidh múinteoirí leanúnachas i dtaobh céard atá muid ag súil leis ó na páistí ó thaobh iompair, gnáthchúrsaí agus teorainneacha sa gclós agus sna leithris.
- Cuirfear na rialacha i bhfeidhm ar an toirt, go leanúnach agus go cothrom.
- Beidh páistí ag spraoi go réidh, ag tógáil sábháilteacht gach duine sa gclós san áireamh.
- Má cheaptar go bhfuil an spraoi/iompar contúirteach nó gan a bheith feiliúnach, seoltar an páiste chuig spás as/aisti féin.
- Tá róta déanta amach don fheitheoireacht.
- Déanadh athbhreithniú ar na sosanna de bharr Chovid: Lón A 10:30 r.n. - 10:50 r.n. & 12:30 i.n. - 12:50 i.n. agus Lón B 10:55 r.n. - 11:15 r.n. agus 12:55 i.n. - 1:15 i.n.
- Bíonn cúigear cuntóirí riachtanais speisialta sa gclós agus déanann siad feitheoireacht ar na páistí a bhfuil siadsan freagrach astu agus as na paistí thart timpeall orthu.
- Tá na cuntóirí ar an eolas faoi na rialacha chomh maith.
- Cuireann siad aon fhadhbanna a bhíonn ann in iúl don mhúinteoir atá ar an gclós agus don mhúinteoir ranga.
- Tá gach múinteoir ar an eolas faoi chluichí chlóis.
- Bíonn peil ar siúl ar an bpáirc do Ranganna 3,4, 5 + 6 nuair a bhíonn an pháirc tirim. Bíonn róta in úsáid. Bíonn rang ar an bhféar chuile lá agus rang ar an spás crua. Athraíonn an rang go dtí spás nua chuile lá.
- Ar na laethanta a mbíonn an pháirc fliuch bíonn na ranganna sin ar an spás crua. Bíonn liathróid amháin ag chuile rang.

Laethanta fliucha:

- Fanann na ranganna ar fad sna seomraí ranga ar na laethanta seo.
- Nuair atá páistí istigh ar lá fliuch sna seomraí caithfidh siad suí ar chathaoir, ní ceadaítear a bheith ag siúl thart.
- Tá cead acu a bheith ag spraoi le cluichí boird, ag léamh, ag breathnú ar fhiseáin i nGaeilge, ag líníocht agus ag caint le chéile & rl.

Laethanta fliucha (Naíonáin)

- Bíonn físteip i nGaeilge i seomraí na Naíonán. Bréagáin agus rl

Clós (ar lean.)

- Iarrtar ar dhaltaí siúl i líne nuair a bhíonn siad ag dul go dtí an clós.
- Tar éis am spraoi, buailtear cloigín agus iarrtar orthu siúl go ciúin go dtí an líne.
- Déanann múinteoirí feitheoireacht ar pháistí a rang féin agus iad ag siúl go dtí agus ón gclós agus spreagtar dea-chleachtas agus nósanna dea-iompair. Bailíonn na múinteoirí a rang féin ón líne.
- Cuirtear ceist ar an múinteoir atá ag feitheoireacht maidir leis na leithris.
- Cuirtear droch-iompar in iúl don mhúinteoir ranga.
- Coinníonn an múinteoir ranga cuntas sa bhFoirm 'Cuntas ar Eachtraí' agus tar éis 6 eachtra breathnaítear air mar iompair tromchúiseach.
- Más mion-eachtraí clóis iad, is féidir iarraidh ar an bpáiste am a chaitheamh amuigh ag an mballa. (Féach smachtbhannaí)

Limistéir eile sa scoil:

- Meabhraíonn na múinteoirí do na páistí faoin tábhacht atá le **siúl isteach** agus **amach** ón scoil, go dtí an halla, ar an bpasáiste, ag dul isteach sna leithris & rl.
- Tugtar moladh do na páistí agus do na ranganna is fearr ó thaobh rialacha a choinneáil i limistéir eile sa scoil.
- Meabhráitear na rialacha ag ócáidí tionóil. Meabhraítear dóibh iad go rialta, ag tús na bliana agus ag tús an téarma go háirithe.
- Tugtar achar áirithe le siúl do pháistí agus iad ag siúl i línte m.sh siúl chomh fada leis an téiteoir, an doras, seomra X, siulann an múinteoir leo ag mealladh dea-iompar timpeall na scoile.
- Tá sé de dhualgas ar gach múinteoir gach páiste nach bhfuil ag comhlíonadh rialacha na scoile i limistéir eile sa scoil a cheartú.

Gníomhaíochtaí atá bainteach leis an scoil;
Baineann na caighdeáin agus na rialacha atá sa gCód Iompair le daltaí atá taobh amuigh den scoil ach atá fós faoi chúram na scoile m.sh turas scoile, cluichí, gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus freastal ar imeachtaí a eagraíonn an scoil.

Seachtain an Chairdis:

Cuirtear béim ar thábhacht an chairdis agus bíonn an téama ag rith trí na ceachtanna don tseachtain m.sh OSPS. Bíonn cluichí clóis le cleachtadh le linn corpoideachais, tionóil le taispeántais bunaithe ar an gcairdeas agus rl.

4. Duaiseanna agus Smachtbhannaí:

Duaiseanna agus aitheantas a bhronntar ar dhea-iompar.

- Tugtar moladh do dhea-iompar trí mheascán de na straitéisí thíos a úsáid:
- Focal ciúin chun dea-mheas nó do shásamh a chur in iúl m.sh “Is maith liom an chaoi a dúirt tú, a rinne tú” agus rl.
- Léirmheas a scríobh i gcóipleabhar an pháiste.
- Cuairt a thabhairt ar mhúinteoir eile nó ar an bPríomhoide le moladh a fháil.
- Focal molta ós comhair grúpaí nó rang.
- Ag tabhairt freagracht ar leith nó pribhléid m.sh Am Orga, cairteanna réaltaí, teastas seachtainiúil do dhea-iompar.
- Focal molta a lua le tuismitheoir: bíodh sin scríofa nó ráite.
- Aitheantas difriúil a fháil m.sh suaitheantas, teastas, cárta glas (labhairt na Gaeilge)
- Ainm an pháiste a chur sa mbosca dearfach agus ainmneacha a tharraingt amach do dhuais ag anTionóil.
- Gradam ranga don líne is fearr.
- Cártaí glasa don Ghaeilge.

Déantar athbhreithniú ar na straitéisí seo don moladh go bliantúil ag cruinniú foirne áit a bpléitear agus a ndéantar tobsmaointeoireacht ar na láidreachtaí agus na laigeachtaí a bhaineann leo.
Beidh deis ag gach múinteoir smaointe a roinnt.

- Bronntar duaiseanna de bharr iarrachta, ní don chur i gcrích amháin.
- Beidh muid cúramach i dtaobh duaiseanna lena chinntiú nach:
  bhfuil siad mar sprioc na foghlama.
  dtarlaíonn comórtas neamhchuidithiúil dá bharr.
  gcuítítear na páistí céanna arís agus arís eile.
  bhfeictear do na páistí go bhfuil siad dofháighte agus dá bharr sin, neamh-spreagthach dóibh.
  Ní mór é bheith ar chumas chuile pháiste duais a ghnóthú.

Samplaí de na cineálacha duaiseanna a thugann muid:

Oíche gan obair bhaile, am físteipe don rang, am breise ar an ríomhaire, duaiseanna ón siopa, euro, milseáin – Naíonáin, liathróidí leadóige, rópa scipeála.

Ag Déileáil le Mí-Iompar

Tá trí rannóg mhí-iompair i gceist: mion mhí-iompar; mí-iompar dáiríre agus mí-iompar tromchúiseach.
I gcás mí-iompair breathnóidh na múinteoirí/Príomhoide ar chuile eachtra go neamhspleách agus go ciallmhar ag cur san áireamh cé chomh trom-chúiseach is a bhí sé nó ar tharla sé go minic cheana & rl.
Is minicíocht an drochiompair an ghné is mó a chaithfear a chur san áireamh.
Má bhíonn mion-eachtra á déanamh go rialta agus go minic, iontaíonn sí ina heachtra níos dáiríre agus bíonn ar an múinteoir déileáil leis ar bhealach difriúil.

Samplaí de mhion-eachtraí mí-iompair

- Ag cur isteach ar obair ranga
- mall ag teacht ar scoil
- ag rith taobh istigh den scoil
- glórach sa líne
- ag fágáil suíocháin gan chead
- ag caitheamh bruscair
- gan obair bhaile a bheith déanta gan údar maith
- gan síniú a fháil ó thuismitheoir/chaomhnóir
- á gcur féin nó gasúir eile i mbaol sa gclós &rl.

Samplaí de mhí-iompar dáiríre:

- Síor-chur isteach ar an rang
- drochbhéasach/drochmheasúil
- ag síor-inseacht bhréaga
- ag goid
- iompar garbh
- ag déanamh dochar do threallamh /do mhaoin daltaí, scoile agus timpeallachta
- ag tabhairt ais-fhreagraí
- ar láthair na scoile gan chead tar éis am scoile
- ag fágáil na scoile gan chead
- leisciúil, míchúramach ina gcuid oibre/gan bheith ag déanamh an iarracht is fearr lena gcuid oibre /obair bhaile go leanúnach agus d'aon ghnó
- ag síor-Bhéarlóireacht
- Ag glaoch ainmneacha ar dhaoine eile go rialta
- Ag síor-chur as don rang
- ag fágáil gasúir amach ó chluichí & rl. agus ag cur faoi ndeara do ghasúir eile é sin a dhéanamh
- ag tromaíocht
- iompar dána, mí-mhúinte
- droch-chaint
- á gcur féin nó gasúir eile i mbaol/ag gortú páiste eile d'aon ghnó
- ag úsáid fón póca sa scoil gan chead
- ag úsaid an idirlín gan chead
- ag glacadh páirte go leanúnach i ngníomhaíochtaí atá contúirteach nó mí-fheiliúnach

Samplaí de mhí-iompar trom-chúiseach:

- ag gortú gasúr eile d'aon turas &rl
- ag tabhairt aisfhreagraí mí-mhúinte
- ag síor-chiapadh gasúir eile &rl.
- Ag cur foirgnimh nó troscán scoile tré thine
- Ag déanamh dochair do mhaoin d'aon ghnó
- ag fágáil sconnaí ar siúl
- Iompar garbh /iompar ionsaitheach / iompar foréigneach in aghaidh múinteoirí nó páiste/í
- ag bagairt ar dhuine
- alcól, drugaí nó tabac a bheith ina seilbh acu nó á n-úsáid i dtimpeallacht na scoile nó ag imeacht scoile
- ag tabhairt uirlísí contúirteacha ar scoil
- ag leanacht le bulaíocht in ainneoin idirghabhála

- síor-dhochbhéasa agus drochmheas ar dhaoine eile (go mór mór mar gheall ar chreideamh, cine, gnéas, stádas eacnamaíochta, stádas teaghlaigh nó gnéas-chlaonadh)
- ag déanamh neamh-aird fhollasach d'údarás nó do rialacha scoile.

Níl sna liostaí seo thuas ach samplaí. Níl na liostaí cuimsitheach.
D'fhéadfaí an Cód a shárú ar bhealaí eile freisin.

Braitheann an stráitéis nó an pionós ar an mí–iompar féin agus cé chomh tromchúiseach agus a bhí sé.
'Sí/sé an Príomhoide atá freagrach i leith cúrsaí iompair na scoile ó lá go lá.
Tá chuile mhúinteoir freagrach as iompar na ngasúr atá faoina c(h)úram.
Tá na múinteoirí chomh maith leis an bPríomhoide rannpháirteach i gcothú oird agus eagair sa scoil.
Seo a leanas samplaí de na céimeanna struchtúrtha a leanfar i gcás mí-iompair:

I gcás mion mhí-iompar leanfar na céimeanna seo a leanas:

1. **Ag déileáil le mion-eachtraí**
   - Ceartúchán ó bhéal
   - Labhairt leis an ngasúr
   - Réasúnú leis an ngasúr
   - Comhairle a chur ar an ngasúr

2. **Ag déileáil le mion-eachtraí a bhíonn ag tarlú go minic:**

Má theipeann ar labhairt agus réasúnú cuirfear pionós ar cheann de na bealaí seo a leanas, ag brath ar an eachtra mí-iompair

(Céim 1)

- An gasúr a scaradh óna c(h)airde go sealadach
- Pribhléidí a bhaint
  - Gan cead a bheith aige/aici freastal ar ócáidí scoile/ceardlanna scoile
  - Drámaí
  - Carúil na Nollag
  - Lá Spóirt
  - Cailliúint amach ar chluichí peile/iomána/camógaíochta nó gan cead a bheith ar fhoireann /ar Choistí na scoile
- Obair bhreise a bheith le déanamh
- Gasúr a choinneáil istigh ag am sosa
- Nóta a sheoladh abhaile (Ní mór do thuismitheoir/chaomhnóir an nóta a shíniú le deimhniú gur léadh an nóta)
- Fionraíocht inmheánach (seoladh go rang eile)
- Cur-síos scríofa (ón bpáiste), sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir agus curtha i dtaisce ag múinteoir
- D'fhéadfaí gasúr a bhíonn i dtrioblóid go minic a choinneáil siar ó thuras scoile ar mhaithe le sábháilteacht an ghasúir fhéin agus daltaí an ranga.

(Céim 2)

Má leanann fadhbanna cuirfear an gasúr chuig an bPríomhoide. Cuirfear comhairle air/uirthi. Coinneoidh an Príomhoide cuntas scríofa ar chuile ghasúr a chuirtear chuici/chuige agus ar aon fheabhas a thagann air/uirthi.

- Gasúr a chur chuig an bPríomhoide
- Coinneoidh an Príomhoide cuntas scríofa ar an mí-iompar.
- Ba cheart go dtuigfeadh an gasúr go bhfuil sé seo ag tarlú agus má leanann an fhadhb go mbeidh cruinniú ag an múinteoir leis an/na tuismitheoir(í)/ caomhnóir(í).
- Eagróidh an múinteoir ranga cruinniú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí (agus an páiste i gcásanna áirithe) agus pléifear leo é. Is féidir leis an bPríomhoide/ Leas-Phríomhoide a bheith i láthair más gá. Cuirfear plean i bhfeidhm don iompar.
- Míneofar an cás do na tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) agus míneofar dóibh go bhfuil an scoil ag súil lena gcomhoibriú le go bhfeabhsódh iompar an ghasúir. Déanfar tagairt don Chód Iompair agus cuirfear

ina luí orthu go dtógfar an cás céim eile mura bhfeabhsaíonn cúrsaí.

3. **Ag déileáil le mí-iompar dáiríre:**
   - Coinneoidh an Príomhoide cuntas scríofa ar eachtraí mí-iompair.
   - Cláraítear gach rud ar **Aladdin** agus cuirtear ríomhphost ar **Aladdin** ag tabhairt míniú don tuismitheoir/caomhnóir.
   - Cruinniú ag tuismitheoirí/caomhnóirí le múinteoir agus Príomhoide.
   - Míneofar an chéad chéim eile dóibh. Cuirfear Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ar an eolas agus iarrfar ar thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) casadh leis an gCathaoirleach agus leis an bPríomhoide. Míneofar an cás agus na himpleachtaí a bhaineann leis do na tuismitheoir(í) /caomhnóir(í). Cuirfear an chéad chéim eile in iúl - Fionraí 3 Lá.
   - Cruinniú ag tuismitheoirí/caomhnóirí le Príomhoide agus Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.
   - Déanfar déileáil le haon eachtra bulaíochta mar atá leagtha síos i bPolasaí Frithbhulaíochta na Scoile.

4. **Ag déileáil le mí-iompar trom-chúiseach:**
   - Fionraí 3 lá faoi Riail 130 (5) de réir Rialacha na Scoileanna Náisiúnta.
   - Fionraí 10 lá le cead scríofa ón mBord Bainistíochta.
   - Tréimhse níos faide fionraithe le cead scríofa ón mBord Bainistíochta.
   - I bhfíor-dhroch-chás, díbirt ón scoil faoi Riail 130 (6). Ní dhíbreofar aon ghasúr ón scoil gan cead ón Easpag Michael Duignan, Patrún na scoile, a fháil roimh ré agus caithfear socruithe a dhéanamh le go bhféadfar an gasúr a chlárú i scoil fheiliúnach eile sa gceantar.
   - Déanfar chuile iarracht seirbhís síceolaíochta a éileamh gan mhoill do ghasúr atá ina thuilleamaí. Éileofar cabhair freisin ó na seirbhísí cuí, m.sh. An Bord Sláinte agus rl .

Ag déileáil le coireanna trom-chúiseacha:
I gcásanna eisceachtúla agus/nó le coir throm-chúiseach tá údarás ag an bPríomhoide ón mBord Bainistíochta dalta(í) a chur ar fionraí láithreach gan dul trí na gnáth-chéimeanna roimh fionraí.

Tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i mbainistiú an drochiompar:

Chun dea-iompar a chinntiú eilíonn an scoil tacaíocht agus comhoibriú ó na tuismitheoirí/caomhnóirí. ‘Siad na tuismitheoirí/caomhnóirí atá freagrach as iompar a gcuid páistí nuair a thagann siad ar scoil. Cabhraíonn dearcadh agus dílseacht thuismitheoirí/chaomhnóirí i leith na scoile agus i leith na múinteoirí go mór le hiompar na bpáistí. Cinnteoidh an fhoireann gur áit oscailte, fháilteach í an scoil do thuismitheoirí ionas nach mbeidh aon drogall orthu teacht chun cainte le foireann na scoile.

- Tá cumarsáid an-oscailte idir foireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí na scoile. Má bhíonn cúis imní maidir le hiompar páistí, déantar teagmháil le tuismitheoirí. Déantar teagmháil ar aon nós nuair atá 6 eachtra líonta isteach ar an bhFoirm–**Tuairisc ar Mhion-Iompar** nó nuair a tharlaíonn eachtra tromchúiseach a chláraitear sa bhfillteán smachta.
- Déanann an múinteoir ranga teagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí ar dtús trí ghlaoch teileafóin nó le nóta.
- Ag brath ar an gcás b’fhéidir go mbeadh an múinteoir ag iarraidh go dtiocfadh tuismitheoirí/caomhnóirí ag cruinniú sa scoil. Nuair a thagann tuismitheoirí/caomhnóirí chuig cruinniú sa scoil cinnteoidh an té atá i láthair ón scoil go gcuirtear ar a gcompord iad. Ag brath ar an gcás agus ar an bpáiste d’fhéadadh sé tarlú go mbeadh an páiste i láthair do dheireadh an chruinnithe.

Pléascadh feargach sa rang, sa gclós, i dtimpeallacht na scoile nó ag gníomhaíocht scoile

Uaireanta faightear comharthaí nó leideanna go bhféadfadh pléascadh titim amach:
m.sh: comharthaí fisiciúla, siúl go crosta suas & síos, ag pleidhcíocht le fearas, treallamh, ag croitheadh na gcos, athrú san éadan, an chaoi a bhfuil an fhéachaint súl, cuma an choirp, dath an éadain, tuin an ghlóir, dúshlán cainte, athrú áite sa seomra ranga, ró-ghoilliúnach nuair a cuirtear comhairle air/uirthi.

Stráitéisí chun an fonn feirge a laghdú:

Déan iarracht an páiste a chiúiniú agus an fonn feirge a laghdú.

Aire a dhíriú ar rud eile

Beidh sé seo níos éifeachtaí le páistí óga: a n-aird a dhíriú ar bhréagán deas nó ar imeacht atá ag tarlú áit eicínt eile chun a n-aird a dhíriú óna gcuid feirge.

Tóg an foinse feirge as bealach / **nó é a aistriú go háit eile**

An páiste a thógáil ón suíomh atá ag cur as dóibh. Páiste a sheoladh ar theachtaireacht nó freagracht a thabhairt dó/di. Má tá an fhearg dírithe ar an múinteoir is fearr am a thabhairt don pháiste gan an múinteoir a bheith ina láthair.

Athrú Gnímh

Athrú ar an tasc a bhfuiltear ag iarraidh ar an bpáiste páirt a ghlacadh ann.

Greann

Is féidir le greann a bheith éifeachtach. Ach é a úsáid go cúramach mar d'fhéadfaí míbhrí a bhaint as nó é a thuiscint mar mhasla. Seachain searús.

Cumarsáid

Éist leis an bpáiste agus lena t(h)uairimí. Tá sé tábhachtach do pháistí go n-éistear leo agus go bhfuil tábhacht lena gcuid tuairimí.

Scith a ligean

Úsáid a bhaint as bealaí chun suaimhneas a fháil - teicnicí mar analú. Múintear iad seo ag am a mbíonn páistí socair, ní nuair a tharlaíonn eachtra. Is féidir tagairt a dhéanamh dóibh nuair a tharlaíonn eachtra nó nuair a bhraitear go dtarlódh eachtra m.sh peil, rith, ceol.
Tá sé tábhachtach go mbeadh clár iompair dearfach i bhfeidhm do pháistí mar iad chun go dtuigfeadh siad comharthaí an phléascadh agus go mbeadh roghanna difriúla ar fáil dóibh nuair a airíonn siad faoi bhrú nó trína chéile.

Ag éalú ón rang/clós

Cur teachtaireacht chuig an múinteoir is gaire duit chomh sciobtha agus is féidir.
Ag brath ar chásanna éagsúla b'fhéidir nach mbeadh sé ar leas an pháiste rith ina dhiaidh ón gclós.
I gcásanna eile a thiteann amach gan choinne déanfaidh an múinteoir/múinteoirí/daoine atá i gceannas ag an am sin gach iarracht an páiste a mhealladh ar ais chun na scoile.
Cuirfear fíos ar na tuismitheoirí/caomhnóirí agus ar na gardaí ar an bpointe.

Céard le déanamh nuair a tharlaíonn pléascadh

Déan meastóireacht sciobtha ar an suíomh.
Cuir fios ar dhuine fásta eile, más féidir.
Fan ciúin, suaimhneach.
Má tá contúirt ann do pháistí eile, cur as an mbealach iad.
Úsáid straitéisí chun an fonn feirge a laghdú má cheapann tú go gcuideoidh siad leis an suíomh.
Ná bain úsáid as searús ná as bagairt ar fhaitíos go gcuirfeadh siad leis an bhfearg.
Má tá baol sláinte ann don lucht féachana, cuir as an mbealach iad.
Tabhair tacaíocht don fhoireann agus do pháistí a bhíonn páirteach í suíomhanna mar iad.

Iompar ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú

Tá éagsúlacht agus féiniúlacht dá chuid féin ag chuile ghasúr. Bíonn tionchair sheachtracha agus inmheánacha ar an ngasúr. Mar sin féin, tuigeann múinteoirí má tá fadhb áirithe ag gasúr a chuireann isteach go díreach ar a fhéinsmacht agus smacht ranga, ar shábháilteacht páistí agus múinteoirí/ cúntóirí, cruthaíonn sé seo fadhbanna. Tá a chuid cearta féin ag gach páiste agus caithfear chomh fada agus is féidir é, timpeallacht shábháilte agus shláintiúil a chothú do chách.

- Má tá páiste le fadhbanna dáiríre mothúcháin agus iompair atá ag cur sábháilteacht múinteoirí/cúntóirí nó páistí i mbaol, molfaidh an múinteoir agus an Príomhoide do na tuismitheoirí/caomhnóirí tástáil/meastóireacht shíceolaíochta a dhéanamh ar an bpáiste.
- Molfar dá réir cabhair a lorg ó sheirbhísí tacaíochta áitiúla ar féidir leo cuidiú le freagairt mar is iomchuí do riachtanais páistí le deacrachtaí iompair & mothúcháin. m.sh seirbhísí eagraithe de chuid Riachtanais Oideachais Speisialta, (SENO), An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, NEPS, seirbhísí cúram poiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Ballard House, Seirbhísí Síceolaíochta Pobail, An tSeirbhís Náisiúnta Iompar, An Chomhairle Náisiúnta Um Oideachais Speisialta, Seirbhís Treoracha Leanaí nó Seirbhísí Meabhairghalair Ógánach a chur san áireamh.
- Caithfear an Cód Iompair a leanacht i leith gach páiste atá cláraithe sa scoil.
- Tugann pearsana Riachtanais Speisialta Oideachais cabhair do mhúinteoirí trí chleachtas agus tacaíocht maidir le bainistíocht an iompair dhúshlánaigh a roinnt.
- Le cabhair ó na múinteoirí oideachais speisialta, cuirtear pleananna iompair aonair do pháistí sonracha i dtoll a chéile.
- Is féidir le gach ball foirne, agus iad ag obair lena chéile, tacaíocht a thabhairt don mhúinteoir ranga trí chuidiú leis an múinteoir machnamh agus anailís a dhéanamh ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le mí-iompar dalta agus trí chuidiú le bealaí a aimsiú leis an iompar a athrú.
- Tá córas meantóireachta ann do mhúinteoirí nua-cháilithe chun tacú leo sa réimse seo.
- Baintear usáid as cuiditheoirí PPST sna hábhair ar fad chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt.
- Cuirtear an fhoireann ar an eolas faoi chúrsaí san Ionad Oideachais atá bainteach leis an ábhar.
- Tá stór leabhar ar fáil don fhoireann chun eolas a chur ar fáil dóibh faoi dheacrachtaí iompair agus modhanna éagsúla le déileáil leo.

Roinn 5 – Nósanna imeachta chun fógra a thabhairt go mbeidh dalta as láthair ón scoil:

- De réir Cuid 18 den Acht Oideachais (Leas), 2000, tá dualgais reachtúla ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a chinntiú go bhfreastlaíonn a bpáiste ar scoil aitheanta ón am a gcláraítear sa scoil sin iad. Chomh maith leis sin tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí de réir an Achta a chur in iúl do Phríomhoide na scoile má tá a bpáiste as láthair agus an fáth leis an neamhláithreacht. De réir an Achta cuirfear in iúl don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais má tá páiste as láthair 20 lá nó níos mó. Ag tús gach bliain iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí an scoil a chur ar an eolas ar an Aip **Aladdin** má bhíonn a bpáiste as láthair. Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí cúis na neamhláithreachta a shonrú, na dátaí don neamhláithreacht agus rl. Coinneofar litreacha agus teastais dochtúra páiste a chailleann 20 lá nó níos mó sa scoil go dtí go mbeidh páistí 21 bliain d'aois.
- Tá dualgas ar an bPríomhoide nuair atá tuairisc á cur chuig TUSLA.
- Cuireann an Príomhoide litir chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí nuair a bhíonn an páiste 15 lá as láthair. (Moladh ó TUSLA).
- Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a chur in iúl don mhúinteoir ranga más duine eile seachas iad féin atá chun a gcuid páistí a bhailiú ar laethanta áirithe.
- Má thagann páiste isteach tar éis 9.20 r. n. caithfear é seo a chlárú ar an Aip **Aladdin**.
- Caithfidh tusimitheoir/caomhnóir cead scríofa a chur ar fáil má bhíonn ar pháiste an scoil a fhágáil ar chúis ar bith le linn am scoile. Caithfear an síniú amach ina leith seo a dhéanamh ar an Aip **Aladdin**.

Seo a leanas stráitéisí a úsáidtear chun tinreamh scoile a spreagadh

Ag Cruinniú Cinn Bhliana na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus ag cruinniú do thuismitheoirí/chaomhnóirí nua na Naíonán Shóisireacha cuireann an Príomhoide in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí ábhar an Acht Oideachais (Leas), 2000, an tábhacht atá le poncúlacht agus le tinreamh maith scoile. Cuirtear litir mheabhraithe chuig gach tuismitheoir/caomhnóir chuile Mheán Fómhair agus Eanáir ina rianaítear tábhacht na poncúlachta agus tinreamh maith scoile.

- Moltar go láidir do thuismitheoirí/chaomhnóirí gan páistí a thógáil ar laethanta saoire le linn am scoile.
- Timpeallacht scoile spreagúil agus tharraingteach a chruthú.
- Aitheantas a thabhairt do thinreamh maith nó do thinreamh feabhsaithe.
- Ábhair an churaclaim agus modheolaíochtaí a chur in oiriúint chun cur leis an mbaint a bhíonn acu le daltaí.
- Clár ama ranga agus scoile a athrú chun é a dhéanamh níos tarraingtí freastal ar scoil agus a bheith ann in am.

- Ag deireadh na scoilbhliana tabharfar teastas dea-thinrimh do na páistí nár chaill aon lá scoile i rith na bliana.
- Comhlíontar dualgais na scoile maidir le tuairisciú neamhláithreachtaí go TUSLA, más gá.
- Cuireann an Príomhoide litir chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí nuair a bhíonn an páiste 15 lá as láthair. (Moladh ó TUSLA).

Nósanna imeachta maidir le teagmháil/ gearáin leis an scoil: Céimeanna atá le leanacht

Staid 1:

1. Má bhíonn aon rud ag cur as do thuismitheoirí/chaomhnóirí ó thaobh aon ghné de scolaíocht an pháiste ba cheart dóibh dul i dteagmháil leis an múinteoir ranga chun an cás a phlé. Is féidir leo glaoch fóin a chur ag an scoil agus socrú foirmiúil faoi chruinniú a dhéanamh. Tabharfar le fios í gcónaí bunús agus fáth an chruinnithe. Ar an gcaoi céanna, má tá an múinteoir ag iarraidh labhairt le tuismitheoir/caomhnóir maidir le aon ghné de scolaíocht aon pháiste déanfaidh siad coinne leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus tabharfar le fios don tuismitheoir/caomhnóir bunús agus fáth an chruinnithe.

2. Má bhaineann an fhadhb le aon ghné eile den scoil nó muna bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir sásta tar éis pé fadhb atá acu a phlé leis an múinteoir ranga, is féidir an cheist a phlé leis an bPríomhoide. Fágfar faoi dischréid an Phríomhoide cruinniú a shocrú idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus an múinteoir.

3. Muna bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir fós sásta is féidir leo dul i dteagbháil le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta chun an cás a réiteach. Cuirfidh an scoil an tuismitheoir ar an eolas faoi cén chaoi le teagmháil a dhéanamh leis an gCathaoirleach a dhéanfas iarracht an fhadhb a réiteach go neamhfhoirmiúil b'fhéidir trí cruinniú a eagrú idir na daoine atá i gceist.

Staid 2:

(a) Má tá an tuismitheoir/caomhnóir fós míshásta is féidir leo a gcás a chur i scríbhinn chuig an mBord Bainistíochta. Ní dhéanfaidh an Bord Bainistíochta plé ar aon fhadhb muna bhfuil staid (1) leanta go beacht í dtosach. Caithfidh síniú a bheith ar gach comhfhreagras a ndéantar deileáil leis. Is ábhar an-dáiríre é nuair a thagann fadhb go dtí an leibhéal seo agus moltar gach iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach sula sroicheann sé an pointe seo.

(b) Tabharfaidh an Cathaoirleach eolas don mhúinteoir maidir le bunús an ghearáin scríofa agus déanfaidh sé/sí iarracht an fhadhb a réiteach idir na páirtithe taobh istigh de 5 lá scoile ón dáta a bhfaightear an litir.

Staid 3:

Muna leigheastar an gearán go neamhfhoirmiúil:

(a) Tabharfaidh an Cathaoirleach cóip den litir ghearáin don mhúinteoir.

(b) Eagróidh an Cathaoirleach cruinniú leis an múinteoir agus má tá sé feiliúnach an Príomhoide le súil go réiteofar an fhadhb. Ba cheart cruinniú mar é a ghlaoch taobh istigh de 10 lá scoile ó dháta an litir ghearáin.

Staid 4:

1. Muna bhfuil an gearán fós leigheasta ba cheart don Chathaoirleach tuairisc fhoirmiúil a dhéanamh don Bhord Bainistiochta taobh istigh de 10 lá scoile ón gcruinniú a luaitear i 3 (b).
2. Má cheapann an Bord Bainistíochta nach bhfuil bunús leis an ngearán cuirfear é seo in iúl don mhúinteoir agus don té atá ag gearán taobh istigh de 3 lá scoile ón gcruinniú Boird.
3. Má cheapann an Bord Bainistíochta go bhfuil bunús leis an ngearán agus go bhfuil gá le tuilleadh fiosrucháin leanfar leis na ceiméanna seo leanas:
   (a) Cuirfear an múinteoir ar an eolas go bhfuil an fiosrúchán ag bogadh ar aghaidh go dti an chéad chéim eile.
   (b) Tabharfar cóip d'aon chomhfhreagras a bhaineann leis an ngearán don mhúinteoir.
   (c) Iarrfar ar an múinteoir litir a sheoladh chuig an mBord mar fhreagra ar an ngearán.
   (d) Tabharfar deis don mhúinteoir a c(h)ás a chur os comhair an Bhoird. Beidh an múinteoir i dteideal duine a thabhairt léi/leis ag an gcruinniú mar thacaíocht.
   (e) Is féidir leis an mBord cruinniú a eagrú leis an té a bhfuil gearán á dhéanamh acu má cheaptar go bhfuil gá lena leithéid. Bheadh cead ag an té seo duine a thabhairt leo mar thacaíocht.
   (f) Eagrófar na cruinnithe ag (d) agus (e) taobh istigh de 10 lá scoile ón gcruinniú i 3(b).

Staid 5.

1. Nuair a thagann críoch le fiosrúchán an Bhoird cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird cinneadh an Bhoird in iúl i scríbhinn don mhúinteoir agus don té atá ag gearán taobh istigh de 5 lá scoile ó chruinniú an Bhoird.
2. Má tá an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh acu fós mí-shásta le cinneadh an Bhoird Bainistíochta is féidir leis/léi teagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna le comhairle a fháil faoi chéard is féidir leis/léi a dhéanamh.

6. Cuntas a choinneáil

Rang:

Coinníonn na múinteoirí cuntas ar dhea-iompar agus ar mhí-iompar na bpáistí. Coinnítear cuntas ar dhea-iompar le cairteanna, réaltaí, ticéid agus rl De réir pholasaí na scoile, cuirtear dea-iompar in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí go rialto: nóta abhaile, cruinniú tuismitheoirí/caomhnóirí agus rl.

Beidh Foirm Chaighdeánach ag múinteoirí ranga i gcóir eachtraí ranga mionchúiseacha agus leanúnacha. Beidh an fhoirm faoi ghlas sa seomra ranga.

Coinneofar é i bhfillteán iompair an ranga. Beidh sé ann mar thaifead ar mhí-iompar na bpáistí do chruinnithe tuismitheoirí/caomhnóirí. Nuair atá 6 eachtra cláraithe ar an leathanach seo breathnaítear air mar eachtra tromchúiseach agus leanúnach. Cuirfear an Príomhoide ar an eolas. Coinneofar tuismitheoirí/caomhnóirí chun dáta i rith na bliana maidir le ceisteanna iompair. Is féidir eachtraí tromchúiseacha a chlárú anseo freisin ach caithfear **Foirm Cuntas ar Eachtra** a líonadh freisin.

Clós Spraoi:

Má bhíonn drochiompar sa gclós cuirtear páistí le balla ar feadh tréimhse agus cuirtear an múinteoir ranga ar an eolas faoi tar éis am sosa – nuair a bhailíonn sé/sí an rang ón gclós. Cláraíonn an múinteoir ranga an drochiompar seo ar an bhFoirm Caighdeánach sa rang.

- Coinnítear fillteán smachta in oifig na scoile. Líontar foirm do pháiste chun iompar tromchúiseach a chlárú. Líonfaidh an té a chonaic é é agus taispeánfar don mhúinteoir ranga agus don Phríomhoide é le síniú a fháil.
- Coinneofar na cuntais i rang ghrúpaí agus cuirfear ar aghaidh iad chuile bhliain.
- Aistreofar an leathanach go dtí an Fillteán Smachta in oifig an Phríomhoide nuair atá sé líonta.
- Cuirfear tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas faoi eachtraí mar iad.
- Má tharlaíonn timpiste sa gclós, cláraítear é sa **Leabhar Eachtraí**.

Taifid /Cuntas Scoile:

Coinneoidh gach múinteoir taifid ar na Foirmeacha Caighdeánacha Scoile maidir le mion mí-iompar sa rang. Coinneofar taifid scoile d'iompar tromchúiseach sa bhFillteán Iompar in oifig an Phríomhoide. Tá leathanach caighdeánach sa bhfillteán seo ina sonraítear teagmhálacha le tuismitheoirí/caomhnóirí chomh maith le sonraí maidir leis an droch-iompar. Coinneofar cáipéisí a bhaineann le fionraí/díbirt agus achomhairc í bhfillteán in oifig an Phríomhoide.

7 Fionraí/Díbirt

Ceanglaítear ar scoileanna, faoi Alt 23 (2) den Acht Oideachais (Leas), 2000 sonrú ina gCód Iompair na nósanna imeachta le leanacht sula gcuirtear dalta ar fionraí nó sula ndíbrítear dalta as an scoil. Sula gcuirtear páiste ar fionraí tógfar san áireamh

- Cinéal & tromchúis an iompair
- Comhthéacs an iompair
- Tionchar an iompair
- Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo
- An freagra comhréireach é dalta a chur ar fionraí nó nach ea. Ba chóir go mbeadh fionraí mar fhreagra comhréireach ar iompar is cúis imní.
- Tionchar féideartha na fionraí

De ghnáth, déanfar iarracht tabhairt faoi idirghabháil eile sula dtarlaíonn fionraí agus athbhreithneoidh foireann na scoile na fáthanna nach raibh ag éirí leis an idirghabháil sin. Éilítear sa gcinnteoireacht go mbeadh cúiseanna thromchúiseacha ann chun an dalta a chur ar fionraí m.sh.

- ❖ Go raibh tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an dalta ar oideachas na ndaltaí eile.
- ❖ Go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an dalta ag fanacht sa scoil faoi láthair.
- ❖ Go bhfuil an dalta freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Nósanna Imeachta i ndáil le fionraí láithreach:

- I gcás go gcinneann an Príomhoide gur chóir dalta a chur ar fionraí láithreach ar mhaithe le sábháilteacht an dalta, na foirne, nó daoine eile, ba chóir réamh-imscrúdú a reáchtáil chun cás a bhunú a thacódh leis an bhfionraí. I gcás fionraí a ghearrfaí láithreach, ní foláir tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas, agus socruithe a dhéanamh leo go mbaileofaí an dalta. Cuirtear an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi fhionraí láithreach.

Tréimhse na Fionraí:

- Cuirfear dalta ar fionraí ar feadh tréimhse 3 lá. Ní chuirfear an dalta ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná trí lá, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla i.e go bhfuil an Príomhoide den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide ná trí lá ag teastáil le cuspóirí áirithe a bhaint amach. Má bhíonn fionraí níos faide ná trí lá á meas, caithfear an t-ábhar a atreorú chuig an mBord Bainistíochta chun breithniú agus faomhadh a dhéanamh air, ag cur na gcúinsí maidir leis na torthaí measta in iúl.
- Is féidir leis an mBord Bainistíochta údarás a thabhairt don Phríomhoide, le cead Chathaoirleach an Bhoird, fionraí a ghearradh ar feadh tréimhse suas le cúig lá i gcás nach féidir cruinniú Boird a thionóil go tráthúil, faoi réir na dtreoracha a bhaineann lena leithéid d'fhionraí. Tabharfar an t-udarás seo i scríbhinn.
- Beidh teorainn deich lá le tréimhse amháin fionraí.
- Ba chóir don Bhord athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar mholadh ar bith chun dalta a chur ar fionraí i gcás gurb ionann an fionraí iomlán agus níos mó ná fiche lá as láthair sa scoilbhliain reatha.
- Ba chóir tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoina gcearta achomhairc a dhéanamh má bhíonn páiste ar fionraí thar 20 lá.

Díbirt:

Díbrítear dalta ón scoil nuair a dhéanann An Bord Bainistíochta cinneadh an dalta sin a eisiamh go buan ón scoil, tar éis don Bhord forálacha Alt 24 den Acht Oideachais (Leas), 2000 a chomhlíonadh. Is ag an mBord Bainistíochta amháin atá an t-údarás páiste a dhíbirt ón scoil. Is céim olltromchúiseach é díbirt agus ceann a chaithfidh an Bord Bainistíochta a ghlacadh i gcásanna tromchúiseacha iompair.

Na forais le haghaidh díbeartha:

Ba chóir don scoil bheith tar éis bearta suntasacha a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an mí-iompar chun díbirt an dalta a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí:

- Bualadh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an dalta le hiarracht a dhéanamh bealaí a fháil leis an iompar do-ghlactha a athrú.
- A chinntiú go dtuigeann an dalta torthaí féideartha a c(h)uid iompair, dá leanfadh sé ar aghaidh.
- A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chíoradh.
- Cuidiú a iarraidh ar ghníomhaireachtaí tacaíochta (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An tSeirbhís Náisiúnta Um Thacaíocht Iompair, Seirbhísí Meabhairghalair Leanaí agus Ógánach, An Chomhairle Náisiúnta Um Oideachais Speisialta).

Éilíonn moladh chun dalta a dhíbirt forais thromchúiseacha, m.sh

- Go mbíonn tionchar díobhálach, buanseasmhach ag iompar an dalta ar oideachas na ndaltaí eile.
- Go bhfuil fíor-bhagairt shuntasach ann do shábháilteacht na ndaltaí nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an dalta sa scoil.
- Go bhfuil an dalta freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Tá na forais le haghaidh díbeartha ar aon dul leis na forais le haghaidh fionraí.

An difríocht is mó atá eatarthu ná go bhfuil na húdarais scoile tar éis triail a bhaint as raon idirghabhálacha, agus go bhfuil siad den tuairim go bhfuil na féidearthachtaí ar fad críochnaithe acu le hathrú ar iompar an dalta a bhaint amach.

Dibírt do chéad chion:

Tá an t-údarás ag an mBord Bainistíochta páiste a dhíbírt ón scoil don chéad chion i gcásanna eisceachtúla m.sh na cásanna seo leanas:

- Bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh dalta eile nó baill foirne.
- Foréigean nó ionsaí iarbhir.
- Ag soláthar drugaí do dhaltaí eile sa scoil.
- Ionsaí gnéasach.

cf Aguisín 3 Fionraí/Díbirt

8. Tagairt do Pholasaithe eile:

Tá tagairt do chúrsaí iompair agus cód iompair na scoile sna polasaithe eile seo leanas:

- Plean OSPS
- Frithbhulaíocht
- Ciapadh
- Ciapadh Gnéasach
- Clárúcháin
- Cuntas a choinneáil
- Cumarsáid Baile/Scoile
- Sláinte & Sábhailteacht
- Comhionannais
- Riachtanais Speisialta Oideachai

Critéir Rathúlachta:

- Iompar dearfach tugtha faoi deara i seomraí ranga, sa gclós agus sa timpeallacht scoile.
- Cleachtais agus nósanna imeachta atá liostaithe sa bpolasaí seo curtha i bhfeidhm go leanúnach ag gach múinteoir.
- Aiseolas dearfach ó mhúinteoirí agus ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ó dhaltaí.

Ról & Freagrachtaí:

- Tá ról lárnach ag an mBord Bainistíochta le cinntiú go bhfuil an polasaí á chur i gcrích sa scoil.
- Tá ról lárnach ag an bhfoireann scoile i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo le tacaíocht ó na tuismitheoirí/caomhnóirí agus ó na daltaí.
- Déanfaidh an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach comhordnú agus monatóireacht ar an gCód le tacaíocht ón bhfoireann.
- Beifear ag súil le tuiscint agus tacaíocht ó na daltaí agus ó na tuismitheoirí/caomhnóirí i gcur i bhfeidhm an Chóid.
- Athrófar nó /agus leasófar an Cód Iompair de réir mar a bhíonn gá leis. Sa gcás sin, eiseofar cóip de na leasuithe.

Dáta don chur í bhfeidhm

Tá roinnt mhaith den chód athbhreithnithe seo á chur i bhfeidhm i láthair na huaire agus beidh sé á chur i bhfeidhm ina iomláine láithreach.

Clár Ama don Athbhreithniú:

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú nithe áirithe/praiticiúla den pholasaí seo go rialta, uair in aghaidh na bliana ar a laghad.

Daingniú & Cumarsáid:

Dheimhnigh an Bord Bainistíochta an polasaí seo ar an 20/11/23

Cuireadh cóip den pholasaí ar shuíomh gréasáin na scoile. 21/11/23

Aguisín 1:
Samplaí de Rialacha Ranga

Bunranganna:

- Beidh mé go deas cineálta le gach duine.
- Beidh mé ag labhairt Gaeilge i gcónaí.
- Beidh mé ag éisteacht go géar nuair atá daoine/páistí eile ag caint.
- Cuirfidh mé suas mo lámh má tá ceist agam.
- Suífidh mé ar mo chathaoir go deas béasach.
- Siúilfidh mé go deas ciúin sa phasáiste/sa seomra ranga/sa líne.
- Cuirfidh mé mo mhéar ar mo bhéal nuair a iarrann an múinteoir orm é.
- Ní úsáidfidh mé an clár bán idirghníomhach gan cead an mhúinteora.

Meánranganna:

- Beidh mé go deas cineálta le gach duine.
- Ní thabharfaidh mé bréagáin phearsanta/ipods ar scoil.
- Níl bheidh fón póca agam ar scoil.
- Beidh mé ag labhairt Gaeilge i gcónaí.
- Déanfaidh mé m'obair féin i gcónaí agus déanfaidh mé mo dhícheall.
- Coinneoidh mé mo bhord, an seomra ranga agus an timpeallacht scoile glan agus néata.
- Má tá rud le rá agam, cuirfidh mé suas mo lámh.
- Níl cead cainte i rith am oibre.
- Beidh meas ag gach duine ar a chéile.

Na hArdranganna:

- Bí ag labhairt Gaeilge i gcónaí.
- Bí réidh don obair.
- Bí go deas cineálta agus múinte le gach duine
- Bí ag éisteacht nuair atá an múinteoir ag caint
- Ná caith aon rud timpeall an tseomra!
- Ní chaithfidh mé smidiú ar scoil.
- Cloífidh mé leis an éide scoile.
- Ní bheidh droch-chaint ar mo bhéal agam.
- Déanfaidh mé cinnte go bhfuil múinteoir i láthair agus mé ar an idirlíon.

Aguisín 2:

Samplaí de mhí-iompar:

Samplaí de mhion mhí-iompar:

- Easpa airde sa rang
- freagairt amach gan chead
- ag cur isteach ar obair ranga
- ag rith i bhfoirgnimh na scoile
- ag caint sa líne nó ag imeacht as an líne
- Ag fágáil suíochán gan chead
- ag fágáil bia/deochanna i mboscaí bruscair an ranga
- ag caint le páiste eile nuair ba cheart dóibh a bheith ag obair agus rl
- ag caitheamh bruscair timpeall na scoile
- gan bheith ag caitheamh an chulaith cheart scoile
- a bheith drochbhéasach, drochmheasúil
- gan obair bhaile a bheith déanta
- ag ithe guma coganta
- ag dreapadhóireacht ar shuíomh na scoile
- a bheith sa seomra gan chead ag am lóin/ar maidin
- iompar a chuireann isteach ar obair an ranga nó ar obair an pháiste.

Samplaí de mhí-iompar tromchúiseach:

- Síor-chur isteach ar an rang
- ag síor-inseacht bhréaga
- ag goid
- ag déanamh damáiste de threallamh/de mhaoin daltaí, scoile agus timpeallachta
- ag tabhairt aisfhreagraí
- ag teacht isteacht i gclós na scoile tar éis amanta scoile gan chead
- ag fágáil timpeallacht na scoile i rith lá scoile gan chead
- gan a bheith ag déanamh an iarracht is fearr lena gcuid oibre
- ag úsáid droch-chaint
- ag gortú páiste eile d'aon ghnó
- ag úsáid fón póca sa scoil gan chead
- ag síor-Bhéarlóireacht
- ag úsáid an idirlín gan chead
- a bheith drochbhéasach/drochmheasúil.

Samplaí de mhí-iompar tútach uafásach:

- Ag cur foirgnimh nó troscán scoile tré thine
- ag fágáil sconnaí ar siúl
- iompar ionsaitheach
- bagairt ar dhuine
- iompar foréigneach in aghaidh múinteoirí nó páiste/í
- alcól, drugaí nó tabac a bheith ina seilbh acu nó á úsáid i dtimpeallacht na scoile no ag imeacht scoile
- ag tabhairt uirlísí contúirteacha ar scoil
- ag leanacht le bulaíocht in ainneoin idirghabhála
- síor-dhrochbhéasa agus drochmheas ar dhaoine eile (go mór mór mar gheall ar chreideamh, cine, gnéas, stádas eacnamaíochta, stádas teaghlaigh nó gnéas chlaonadh)
- damáiste d'aon ghnó do mhaoin

Aguisín 3

Fionraí:/Díbirt

Ceangailtear ar scoileanna, faoi Alt 23 (2) den Acht Oideachais (Leas), 2000 sonrú ina gCód Iompair na nósanna imeachta le leanacht sula gcuirtear dalta ar fionraí nó sula ndíbrítear an dalta as an scoil. Sula gcuirtear páiste ar fionraí tógfar san áireamh:

- ***Cinéal & tromchuís an iompair***
- ***Comhthéacs an iompair***
- ***Tionchar an iompair***
- ***Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo***
- ***An freagra comhréireach é dalta a chur ar fionraí nó nach ea. Ba chóir go mbeadh fionraí mar fhreagra comhréireach ar iompar is cúis imní.***
- ***Tionchar féideartha na fionraí***

De ghnáth, déanfar iarracht tabhairt faoi idirghabháil eile roimh fionraí agus athbhreithneoidh foireann na scoile na fáthanna nach raibh ag éirí leis an idirghabháil sin. Éilítear sa gcinnteoireacht go mbeadh forais thromchúiseacha ann chun an dalta a chur ar fionraí m.sh

- Go raibh tionchar dochrach, tromchúiseach ag iompar an dalta ar oideachas na ndaltaí eile.
- Go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an dalta ag fanacht sa scoil faoi láthair.
- Go bhfuil an dalta freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Féadfaidh mí-iompar tromchúiseach amháin a bheith ina fhoras le duine a chur ar fionraí.
Ba chóir d'fhionraí bheith mar chuid de phlean chun dul i ngleic le iompar an dalta.
Ba chóir don fhionraí:

- Cuidiú leis an scoil spriocanna iompair a chur ar bun leis an dalta agus lena t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí.
- Deis a thabhairt d'fhoireann na scoile idirghabháil eile a phleanáil.
- Tromchúis an iompair a chur ina luí ar an dalta agus ar a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí.

Nósanna imeachta i ndáil le Fionraí:

Eilítear ar scoileanna de réir dlí cloí le gnáthaimh chóra nuair atá sé beartaithe acu dalta a chur ar fionraí m.sh an ceart go n-éistfí leat, an ceart go mbeifí neamhchlaonta i do leith, imscrúdú le déanamh ar mhí-iompar líomhnaithe a bhféadfadh fionraí nó díbirt eascairt as an bpróiseas cinnteoireachta maidir le:
(a) cibé acu an raibh an dalta i mbun mí-iompair nó nach raibh agus
(b) an píonós/smachtbanna le gearradh a leanacht.

Cinéalacha Fionraí:

Fionraí láithreach:

I gcuinsí eisceachtúla féadfaidh an Príomhoide a bhreithniú go bhfuil fionraí láithreach feiliúnach i gcás ina léireofaí go mbeidh láithreacht leantach an dalta ag an am sin mar fhíorbhagairt do shábhailteacht na ndaltaí nó do fhoireann na scoile, nó do dhuine ar bith eile.

Uath-Fhionraí:

Is féidir leis an mBord Bainistíochta a chinneadh, i ndiadh próisis chomhairliúcháin leis an bPríomhoide, le tuismitheoirí/caomhnóirí, le múinteoirí agus le daltaí gur chóir go mbeadh fionraí ag gabháil le hiompar áirithe mar smachtbhanna.
Nuair a dhearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí gur tharla mí-iompar tromchúiseach a bhféadfaí fionraí a ghearradh dá bharr, leanfaidh an scoil na nósanna imeachta seo a leanas:

- ❖ An dalta agus a thuismitheoirí/chaomhnóirí a chur ar an eolas maidir leis an ngearán.
- ❖ An deis a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus don dalta freagra a thabhairt.

Nósanna Imeachta i ndáil le fionraí láithreach:

I gcás go mbreithníonn an Príomhoide gur chóir dalta a chur ar fionraí láithreach, ar mhaithe le sábháilteacht an dalta, na foirne, nó daoine eile, ba chóir réamh-imscrúdú a reáchtáil chun cás a bhunú a thacódh leis an bhfionraí. I gcás fionraí a ghearrfaí láithreach, ní foláir tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas, agus socruithe a dhéanamh leo go mbaileofaí an dalta. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas faoin bhfionraí láithreach.

Tréimhse na Fionraí:

- Cuirfear dalta ar fionraí ar feadh tréimhse 3 lá. Ní chuirfear an dalta ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná trí lá, ach amháin í gcúinsí eisceachtúla i.e bhfuil an Príomhoide den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide na trí lá ag teastáil le cuspóirí áirithe a bhaint amach. Má bhíonn fionraí níos faide ná trí lá á meas, caithfear an t-ábhar a atreorú chuig an mBord Bainistíochta chun breithniú agus faomhadh a dhéanamh air, ag cur na gcúinsí in iúl maidir leis na torthaí measta.
- Is féidir leis an mBord Bainistíochta údarás a thabhairt don Phríomhoide, le cead Chathaoirleach an Bhoird, fionraí a ghearradh ar feadh tréimhse suas le cúig lá i gcás nach féidir cruinniú Boird a thionóil go tráthúil, faoi réir na dtreoracha a bhaineann lena leithéid d'fhionraí. Cuirfear an t-údarás seo ar fáil i scríbhinn.
- Beidh teorainn deich lá le tréimhse amháin fionraí.
- Ba chóir don Bhord athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar mholadh ar bith chun dalta a chur ar fionraí, i gcás gurb ionann an fionraí iomlán agus níos mó ná fiche lá as láthair i rith na scoilbhliana reatha.
- Cuirfear tuistí ar an eolas faoina gcearta achomhairc a dhéanamh má bhíonn páiste ar fionraí thar 20 lá.

An Fhionraí a chur i ngníomh:

Tugann an Príomhoide fógra í scríbhinn do na tuismitheoirí/caohnóirí agus don dalta maidir leis an gcinneadh é/í a chur ar fionraí. Caithfidh an litir na nithe seo a leanas a dhearbhú:

- Tréimhse na fionraí, na dátaí ar an dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fhionraí.
- Cúiseanna na fionraí.
- Clár staidéir ar bith atá le leanacht.
- Socruithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a chaithfidh an dalta agus na tuismitheoirí/caomhnóirí a thabhairt (m.sh d'fhéadfaí iarraidh ar na tuismitheoirí/caomhnóirí ath-dhearbhú a dhéanamh ar an tiomantas don Chód Iompair).
- Foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta tar éis 20 lá fionraí i scoilbhliain amháin.
- Ceart achomhairc d'Ard Rúnaí na Roinne Oideachais & Eolaíochta (An tAcht Oideachais 1998, Alt 29) tar éis 20 lá fionraí i scoilbhliain amháin.
- Tabharfar geallúint go dtosófar glan as an nua nuair a athghlactar le páiste tar éis fionraí. Cuirfear béim mhór ar cheachtanna OSPS le linn an tréimhse athghlacaithe.

Achomhairc (tar éis 20 lá fionraí i scoilbhliain amháin).

- I gcás cinntí a dhéanann an Bord Bainistíochta dalta a chur ar fionraí féadfaidh an Patrún próiseas achomhairc a chur ar fáil.
- Inseacht do thuismitheoirí/chaomhnóirí sa bhfógra i scríbhinn faoina gceart achomhairc a dhéanamh tar éis 20 lá fionraí i scoilbhliain amháin.

Taifid & tuairiscí:

Ba chóir taifid fhoirmiúla/scríofa a choinneáil ar:

- An imscrúdú (& nótaí ar gach agallamh)
- An bpróiseas cinnteoireachta
- An gcinneadh agus réasúnaíocht an chinnidh.
- Fhad na fionraí agus coinníollacha ar bith ceangailte leis an bhfionraí.

Ba chóir don Phríomhoide tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta faoi gach fionraí.

Tá sé dé cheangal ar an bPríomhoide fionraithe ar thuairisciú de réir threoirlínte tuairiscithe an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (An tAcht Oideachais (Leas) 2000, Alt 21(4) (a).

Athbhreithniú ar úsáid fionraí:

Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid fionraí sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile, go ndéanfar patrúin a scrúdú chun gnéithe a shainaithint a bhfuil tionchar acu ar iompar sa scoil agus a chinntiú go bhfuil úsáid fionraí comhréireach agus éifeachtach.

Díbirt:

Díbrítear dalta ón scoil nuair a dhéanann An Bord Bainistíochta cinneadh an dalta sin a eisiamh go buan ón scoil, tar éis don Bhord forálacha Alt 24 den Acht Oideachais (Leas), 2000 a chomhlíonadh. Is ag an mBord Bainistíochta amháin atá an t-údarás páiste a dhíbirt ón scoil. Is céim olltromchúiseach é díbirt agus ceann a chaithfidh An Bord Bainistíochta a ghlacadh í gcásanna tromchúiseacha iompair.

Na Forais le haghaidh Díbeartha:

Ba chóir don scoil bheith tar éis bearta suntasacha a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an mí-iompar chun díbirt an dalta a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí:

- Bualadh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an dalta le hiarracht a dhéanamh bealaí a fháil lena n-iompar do-ghlactha a athrú.
- A chinntiú go dtuigeann an dalta torthaí féideartha a c(h)uid iompair, dá leanfadh sé/sí ar aghaidh.
- A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chíoradh.
- Cuidiú a iarraidh ar ghníomhaireachtaí tacaíochta (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An tSeirbhís Náisiúnta Um Thacaíocht Iompair, Seirbhísí Meabhairghalair Leanaí agus Ógánach, An Chomhairle Náisiúnta Um Oideachais Speisialta).

Éilíonn moladh chun dalta a dhíbirt forais thromchúiseacha, m.sh

- Go mbíonn tionchar díobhálach buanseasmhach ag iompar an dalta ar oideachas na ndaltaí eile.
- Go bhfuil fíorbhagairt shuntasach ann do shábháilteacht na ndaltaí nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an dalta sa scoil.
- Go bhfuil an dalta freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.

Tá na forais le haghaidh díbeartha cosúil leis na forais le haghaidh fionraí.

An difríocht is mó atá eatartha ná go bhfuil na húdarais scoile tar éis triail a bhaint as raon idirghabhálacha, agus go bhfuil siad den tuairim go bhfuil na féidearthachtaí go léir cíortha acu le hathrú ar iompar an dalta a bhaint amach.

Dibírt do chéad chion:

Tá an t-údarás ag an mBord Bainistíochta páiste a dhíbírt ón scoil don chéad chion i gcásanna eisceachtúla m.sh na cásanna seo leanas:

- Bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh dalta eile nó baill foirne.
- Foreigéan nó ionsaí iarbhir.
- Ag soláthar drugaí do dhaltaí eile sa scoil.
- Ionsaí gnéasach.

Cinneadh a dhéanamh cé chomh feiliúnach is atá sé dalta a dhíbirt:

Ar na toscaí le breithniú orthu sula mbeartaítear dalta a dhíbirt bheadh:

- Cineál & tromchúis an iompair.
- Comhthéacs an iompair.
- Tionchar an iompair.
- Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo.
- An freagra comhréireach an díbirt.
- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an díbirt.

Nósanna Imeachta i ndáil le díbirt:

I gcás go ndearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí go bhféadfaí dalta a dhíbirt de bharr a n-iompar d'áireofaí na céimeanna gnásúla mar iad seo a leanas:

1. Imscrúdú sonrach faoi stiúir an Phríomhoide.
2. Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta.
3. Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide agus éisteacht a reáchtáil.
4. Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta & bearta i ndiaidh na héisteachta.
5. Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais.
6. Dearbhú ar an gcinneadh an dalta a dhíbirt.

Céim 1 - Imscrúdú sonrach arna sheoladh faoi Stiúir an Príomhoide;

Déantar imscrúdú ar an gcás faoi threoir an Phríomhoide. Cuirtear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas i scríbhinn go bhfuil imscrúdú mar gheall ar an mí-iompar líomhnaithe á dhéanamh.

Ba chóir deis a thabhairt do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus an páiste freagairt don ghearán i gcruinniú leis an bPríomhoide agus an múinteoir sula nglacfar cinneadh maidir le firínne na líomhna agus sula ngearrtar píonos/smachtbhanna.

Má theipeann ar dhlata agus a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí freastal ar chruinniú, ba chóir don Phríomhoide scríobh chucu ag cur in iúl dóibh go bhfuil an scéal tromchúiseach, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le freastal ar chruinniú athsceidealaithe agus má theipeann orthu sin a dhéanamh, go mbeidh dualgas ar údaráis na scoile cinneadh a ghlacadh freagairt don iompar diúltach. Ba chóir taifead a choinneáil de gach comhfhreagras.

Céim 2 - Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta:

Má cheapann an Príomhoide go bhfuil díbirt tuillte tar éis imscrúdú cuimsitheach a dhéanamh, cuirfidh an Príomhoide moladh faoi bhráid an Bhord Bainistíochta díbirt a bhreithniú.

Leanfaí an Príomhoide na céimeanna seo:

- A chur in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus don dalta go bhfuil iarrtha ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú.
- A chinntiú go bhfuil taifid ag na tuismitheoirí/caomhnóirí ar na líomhaintí in aghaidh an dalta, ar an imscrúdú, agus ar fhógra scríofa de na forais ar a bhfuiltear ag iarraidh ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú.
- Na taifid chuimsitheacha chéanna a sholáthar don Bhord Bainistíochta a tugadh do na tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir le dáta na héisteachta a bheidh á reáchtáil ag an mBord Bainistíochta agus cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar an éisteacht sin.
- Comhairle a chur ar na tuismitheoirí/caomhnóirí gur féidir leo aighneachtaí scríofa nó ó bhéal a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta.
- A chinntiú gur tugadh dóthain fógra do na tuismitheoirí/caomhnóirí ionas go bhféadfaidís ullmhú don éisteacht.

Céim 3 – Breithniú an Bhord Bainistíochta ar mholadh an Phríomhoide agus éisteacht a reáchtáil:

Tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta a n-athbhreithniú féin a dhéanamh ar na doiciméidí go léir agus ar chúinsí uile an cháis. Tar éis an athbhreithniú a bheith déanta ag an mBord Bainistíochta agus má chinneann siad ar dhíbirt ní foláir dóibh éisteacht a reáchtáil. Ag an éisteacht seo cuirfidh an Príomhoide agus na tuismitheoirí/caomhnóirí a gcás os comhair an Bhoird í láthair a chéile. Tar éis don Bhord an dá thaobh den scéal a chloisteáil ba chóir dó a chinntiú nach bhfuil an Príomhoide ná na tuismitheoirí/caomhnóirí i láthair i rith breithniúcháin an Bhoird.

Céim 4 – Breithniúcháin an Bhord Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta.

Tar éis na héisteachta, caithfidh an Bord cinneadh a dhéanamh, ar chóir an páiste a dhíbirt nó nár cóir.

Ba chóir don Bhord a chur in iúl i scríbhinn do thuismitheoirí/chaomhnóirí faoin gcinneadh agus na chéad chéimeanna eile sa bpróiseas.

Ba chóir go ndéarfaí leis na tuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuiltear anois chun é a chur in iúl don Oifigeach Leasa Oideachais. Ní féidir an dalta a dhíbirt go dtí go bhfuil fiche lá caite ón lá a bhfaigheann an tOifigeach Leasa Oideachais an fógra i scríbhinn.

Céim 5 – Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais:

Taobh istigh de thréimhse fiche lá ón dáta ar a bhfaigheann Oifigeach Leasa Oideachais fógra ón mBord Bainistíochta go bhfuil sé beartaithe dalta a dhíbirt, ní foláir don OLO

- Cruinnithe aonair a bheith ann leis an bPríomhoide, na tuismitheoirí/caomhnóirí agus an páiste agus le haon duine eile a d'fhéadfadh cabhair a thabhairt.
- Cruinniú a thionóil leis na páirtithe a aontaíonn a bheith i láthair.
- I gcás nach bhfuil sé de rogha leanúint ar aghaidh sa scoil, ba chóir don Oifigeach Leasa Oideachais scoil nua a aimsiú don pháiste.

Céim 6 – Dearbhú ar an gcinneadh an dalta a dhíbirt:

Tar éis na tréimhse fiche lá tar éis don Oifigeach Leasa Oideachais fógra a fháil, agus i gcás go bhfuil an Bord Bainistíochta fós den tuairim gur chóir an dalta a dhíbirt, dearbhóidh an Bord Bainistíochta i scríbhinn go bhfuil sé cinnte acu an dalta a dhíbirt. Ba chóir na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas go bhfuiltear chun dul ar aghaidh leis an díbirt.

Ba chóir insint do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do dhaltaí faoin gceart atá acu achomhairc a dhéanamh agus foirm chaighdeánach a sholáthar dóibh. Ba chóir taifead foirmiúil a choinneáil den chinneadh dalta a dhíbirt.

Achomhairc:

Is féidir le tuismitheoir/caomhnóir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh díbeartha d'Ard – Rúnaí na Roinne Oideachais & Scileanna. Is féidir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais ar son dalta.

Athbhreithniú ar úsáid díbeartha:

Ba chóir don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid díbeartha sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile.